



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0196(COD)

6674/21
ADD 1 REV 1

FSTR 21
REGIO 36
FC 9
SOC 122
PECHE 75
CADREFIN 122
JAI 237
SAN 119
CODEC 295
PARLNAT 127

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí
- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 27 Bealtaine 2021

IARSCRÍBHINN I

Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC - Airteagal 22(5)

TÁBLA 1: TOISÍ AGUS CÓID LE hAGHAIDH NA gCINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA^{1,2}

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
CUSPÓIR BEARTAIS 1: EORAIP NÍOS IOMAÍCHE AGUS NÍOS CLISTE A BHEITH ANN TRÍ CHLAOCHLÚ EACNAMAÍOCH ATÁ NUÁLACH AGUS CLISTE AGUS NASCACHT RÉIGIÚNACH TFC A CHUR CHUN CINN			
001	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i micrifhiontair a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %

- ¹ Maidir leis an gcuspóir sonrach 'réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus an aeráid, agus geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de san Aontas faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras' arna dtacú ag CUAC, féadfar réimsí idirghabhála faoi aon chuspóirí beartais a úsáid, ar choinníoll go bhfuil siad comhchuí le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán CUAC agus i gcomhréir leis an bplean críochach ábhartha um aistriú cóir. Le haghaidh an chuspóra shonraigh sin, socraítear an chomhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh ag 100 % i gcomhair na réimsí idirghabhála uile arna n-úsáid.
- ² I gcás inar méadaíodh méid aitheanta Ballstáit chun tacú le cuspóirí aeráide faoina phlean téarnaimh agus athléimneachta i ndiaidh chur i bhfeidhm Airteagal 18(4)(e) de Rialachán (AE) 2021/241, cuirfear i bhfeidhm freisin, faoin mbeartas comhtháthaithe, méadú comhréireach comhionann ar leibhéal rannchuidiú an Bhallstáit sin chun tacú le cuspóirí aeráide.
- ³ Déantar na réimsí idirghabhála a ghrúpáil de réir cuspóirí beartais, ach níl na réimsí idirghabhála teoranta do na cuspóirí sin. Is féidir aon réimse idirghabhála a úsáid faoi aon chuspóir beartais. Go háirithe i gcás chuspóir beartais 5, is féidir gach cód toise faoi chuspóirí beartais 1 go 4 a roghnú, anuas orthu siúd atá liostaithe faoi chuspóir beartais 5.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
002	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (lárionaid taighde phríobháideacha san áireamh) a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
003	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i bhfiontair mhóra ¹ a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
004	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i lárionaid taighde phoiblí agus in ardoideachas poiblí a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
005	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i micrifhiontair a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
006	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe in FBManna (lárionaid taighde phríobháideacha san áireamh) a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
007	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i bhfiontair mhóra a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
008	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i lárionaid taighde phoiblí agus in ardoideachas poiblí a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
009	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i micrifhiontair, líonrú san áireamh (taighde thionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta)	0 %	0 %

¹ Is éard is fiontair mhóra ann fiontair uile seachas FBManna, lena n-áirítear cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
010	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta in FBManna, líonrú san áireamh	0 %	0 %
011	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i bhfiontair mhóra, líonrú san áireamh	0 %	0 %
012	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i lárionaid taighde phoiblí, san ardoideachas poiblí agus i lárionaid inniúlachta phoiblí, líonrú san áireamh (taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta)	0 %	0 %
013	FBManna a dhigitiú (lena n-áirítear ríomhthrachtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht)	0 %	0 %
014	Fiontair mhóra a dhigitiú (lena n-áirítear ríomhthrachtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht)	0 %	0 %
015	FBManna nó fiontair mhóra a dhigitiú (lena n-áirítear ríomhthrachtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht) i gcomhréir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa nó critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	0 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré. Más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí 'an Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí' a chomhlíonadh.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
016	Réitigh TFC, ríomhsheirbhísí, feidhmchláir rialtais	0 %	0 %
017	Réitigh TFC, ríomhsheirbhísí, feidhmchláir rialtais i gcomhréir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa nó critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	0 %
018	Seirbhísí agus feidhmchláir ríomhaireachta le haghaidh scileanna digiteacha agus r-chuimsiú	0 %	0 %
019	Ríomhsheirbhísí agus feidhmchláir shláinte (lena n-áirítear ríomhchúram, Idirlíon na Rudaí Nithiúla le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil agus maireachtaíil chuidithe chomhthimpeallach)	0 %	0 %
020	Bonneagar gnó le haghaidh FBManna (lena n-áirítear páirceanna agus láithreáin thionsclaíocha)	0 %	0 %
021	Forbairt agus idirnáisiúnú gnó FBManna, lena n-áirítear infheistíochtaí táirgiúla	0 %	0 %
022	Tacaíocht d'fhiontair mhóra trí ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear infheistíochtaí táirgiúla	0 %	0 %
023	Scileanna a fhorbairt le haghaidh speisialtóireacht chliste, aistriú tionsclaíoch, fiontraíochta agus inoiriúnaitheacht fiontar i leith an athraithe	0 %	0 %
024	Ardseirbhísí tacaíochta do FBManna agus grúpaí FBManna (lena n-áirítear seirbhísí bainistíochta, margaíochta agus dearaidh)	0 %	0 %
025	Goradh, tacaíocht do sheach-chuideachtaí agus mac-chuideachtaí agus gnólachtaí nua-thionscanta	0 %	0 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré; nó más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí ‘Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí’ a chomhlíonadh.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
026	Tacaíocht do bhraislí nuálaíochta, lena n-áirítear idir gnólachtaí, eagraíochtaí taighde agus údaráis phoiblí agus líonraí gnó a théann chun tairbhe FBManna den chuid is mó	0 %	0 %
027	Próisis nuálaíochta in FBManna (nuálaíocht próiseas, eagraíochtúil, margaíochta, chomhchruthaithe, úsáideoirí agus bunaithe ar éileamh)	0 %	0 %
028	Aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair, lárionaid taighde agus an earnáil ardoideachais	0 %	0 %
029	Próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair, lárionaid taighde agus ollscoileanna a bhíonn ag díriú ar an ngeilleagar ísealcharbóin, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide	100 %	40 %
030	Próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair a bhíonn, ag díriú ar an ngeilleagar ciorclach	40 %	100 %
031	Caipiteal oibre a mhaoiniú in FBManna i bhfoirm deontas chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála ¹	0%	0%
032	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (an líonra cnámh droma/aisiompair)	0 %	0 %
033	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáithín optúil go dtí an pointe dáileacháin le haghaidh áitribh ilteaghaise)	0 %	0 %

¹ Níl an cód seo ar fáil d'úsáid ach amháin i gcás ina gcuirtear bearta sealadacha maidir le húsáid CFRE mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla chun feidhme de bhun Airteagal 5(6) de Rialachán CFRE agus CC.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
034	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáithín optúil go dtí an pointe dáileacháin le haghaidh tithe agus áitribh ghnó)	0 %	0 %
035	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáithín optúil go dtí an stáisiún bunáite le haghaidh ardchumarsáid gan sreang)	0 %	0 %
036	TFC: Bonneagar TFC de chineálacha eile (acmhainní/trealamh mórsála ríomhaireachta, lárionaid sonraí, braiteoirí agus trealamh eile gan sreang san áireamh)	0 %	0 %
037	TFC: Bonneagar TFC de chineálacha eile (acmhainní/trealamh mórsála ríomhaireachta, lárionaid sonraí, braiteoirí agus trealamh eile gan sreang san áireamh) i gcomhréir leis na critéir um laghdú astaíochtaí carbóin agus critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	0 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré; nó más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí ‘Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí’ a chomhlíonadh.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
CUSPÓIR BEARTAIS 2: EORAIP NÍOS GLAISE, ÍSEALCHARBÓIN AGUS ATHLÉIMNEACH A AISTREOIDH CHUIG GEILLEAGAR CARBÓIN GLAN-NIALASACH, TRÍ AISTRIÚ FUINNIMH GLAN AGUS CÓIR, INFHEISTÍOCHT GHLAS AGUS GHORM, AN GEILLEAGAR CIORCLACH, MAOLÚ AR AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE, COSC AGUS BAINISTIÚ RIOSCAÍ AGUS SOGHLUAISTEACHT UIRBEACH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN			
038	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
039	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais i bhfiontair mhóra agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
040	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna nó i bhfiontair mhóra agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	100 %	40 %
041	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta atá ann cheana, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
042	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta atá ann cheana, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ²	100 %	40 %

¹ Más é cuspóir an bhirt (a) athchóiriú meánleibhéil ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2019 maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (IO L 127, 16.5.2019, lch. 34) nó (b) laghdú 30 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, i gcomparáid leis na hastaíochtaí *ex ante*, a bhaint amach ar an meán.

² Más é cuspóir an bhirt athchóiriú meánleibhéil ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún. Tá sé i gceist freisin go n-áireofaí in athchóiriú foirgneamh bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
043	Tógáil foirgneamh nua fuinneamhéifeachtúil ¹	40 %	40 %
044	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh maidir le bonneagar poiblí, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
045	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh maidir le bonneagar poiblí, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ²	100 %	40 %
046	Tacaíocht d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí a chuidíonn leis an ngeilleagar ísealcharbóin agus leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear bearta múscaillte feasachta	100 %	40 %

¹ Más é cuspóir na mbeart foirgnimh nua a thógáil a bhfuil Éileamh Príomh-Fhuinnimh (PED) acu atá 20 % níos ísle ar a laghad ná riachtanas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, teoracha náisiúnta). Le foirgnimh nua fhuinneamhéifeachtúla a thógáil, tá sé i gceist freisin go n-áireofaí bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.

² Más é cuspóir an bhirt a bhaint amach, ar an meán, (a) athchóiriú meánleibhéil ar a laghad, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta nó (b) laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, i gcomparáid leis na hastaíochtaí *ex ante*, a bhaint amach ar an meán. Tá sé i gceist freisin go n-áireofaí in athchóiriú foirgneamh bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
047	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh gaoithe	100 %	40 %
048	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh gréine	100 %	40 %
049	Fuinneamh inathnuaite: bithmhais ¹	40 %	40 %
050	Fuinneamh inathnuaite: bithmhais lena ngabhann ardchoigiltí ar gháis ceaptha teasa ²	100 %	40 %
051	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh mairí	100 %	40 %
052	Fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite eile (fuinneamh geoiteirmeach san áireamh)	100 %	40 %
053	Córais Chliste Fuinnimh (eangacha cliste agus córais TFC chliste san áireamh) agus stóráil ghaolmhar	100 %	40 %
054	Comhghiniúint ardéifeachtach, téamh agus fuarú ceantair	40 %	40 %

¹ Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

² Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt coigiltí 80 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithmhaise a bhaint amach ag an tsaoráid i ndáil leis an modheolaíocht maidir le coigiltí ar ghás ceaptha teasa agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh bithbhreosla ó bhithmhais (cé is moite de bharra bia agus beatha), i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt coigiltí 65 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach ó úsáid bithmhaise ag an tsaoráid i ndáil leis an modheolaíocht maidir le coigiltí ar ghás ceaptha teasa agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
055 ¹	Comhghiniúint ardéifeachtach, téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil lena ngabhann astaíochtaí saolré ísle ²	100 %	40 %
056	Córais téimh bunaithe ar ghás a chur in áit córais atá bunaithe ar ghual chun an t-athrú aeráide a mhaolú	0 %	0 %
057	Dáileadh agus iompar gáis nádúrtha lena n-ionadaítear gual	0 %	0 %
058	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: tuilte agus sciorthaí talún (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %
059	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: dóiteáin (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %

¹ Ní féidir an réimse seo a úsáid agus tacaíocht á tabhairt do bhreoslaí iontaise faoi phointe (h) d’Airteagal 7(1) de Rialachán CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe.

² I gcás comhghiniúint ardéifeachtach, más é cuspóir an bhirt astaíochtaí saolré a bhaint amach atá níos ísle ná 100gCO₂e/kWh nó téamh/fuarú a tháirgtear ó dhramhtheas. I gcás téamh/fuarú ceantair, má leanann an bonneagar gaolmhar Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1), nó má dhéantar athchóiriú ar an mbonneagar atá ann cheana chun sainiú an téimh agus an fhuaraithe ceantair éifeachtúil a chomhlíonadh, nó más ardchóras píolótach é an tionscadal (córais rialaithe agus bainistithe fuinnimh, Idirlíon na Rudaí Nithiúla) nó go mbíonn córas teochta níos ísle sa chóras téimh agus fuaraithe ceantair mar thoradh air.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
060	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: rioscaí eile, e.g. stoirmeacha agus triomach (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %
061	Rioscaí a chosc agus a bhainistiú i ndáil le rioscaí nádúrtha nach mbaineann leis an aeráid (mar shampla creathanna talún) agus rioscaí atá nasctha le gníomhaíochtaí an duine (mar shampla tubaistí teicneolaíocha), múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh	0 %	100 %
062	Soláthar uisce lena chaitheamh ag an duine (bonneagar eastósctha, cóireála, stórála agus dáilte, bearta éifeachtúlachta, soláthar uisce óil)	0 %	100 %
063	Soláthar uisce lena chaitheamh ag an duine (bonneagar eastósctha, cóireála, stórála agus dáilte, bearta éifeachtúlachta, soláthar uisce óil) i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ¹	40 %	100 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go mbeadh ag an gcóras arna thógáil meántomhaltas fuinnimh ≤ 0.5 kWh nó Innéacs Sceite Bonneagair ≤ 1.5 , agus don ghníomhaíocht athchóirithe chun meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % nó sceitheadh bonneagair a laghdú níos mó ná 20 %.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
064	Bainistiú uisce agus caomhnú acmhainní uisce (bainistiú abhantrach, bearta sonracha maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide, athúsáid, laghdú ar sceitheadh san áireamh)	40 %	100 %
065	Bailiú agus cóireáil fuíolluisce	0 %	100 %
066	Bailiú agus cóireáil fuíolluisce i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	100 %
067	Bainistiú dramhaíola tí: bearta don chosc, íoslaghdú, sórtáil, athúsáid, athchúrsáil	40 %	100 %
068	Bainistiú dramhaíola tí: cóireáil dramhaíola iarmharáí	0 %	100 %
069	Bainistiú dramhaíola tionsclaíche, tráchtála: bearta don chosc, íoslaghdú, sórtáil, athúsáid, athchúrsáil	40 %	100 %
070	Bainistiú dramhaíola tionsclaíche, tráchtála: dramhaíl ghuaiseach agus iarmharach	0 %	100 %
071	Úsáid ábhar athchúrsáilte mar amhábhair a chur chun cinn	0 %	100 %
072	Ábhair athchúrsáilte a úsáid mar amhábhair i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ²	100 %	100 %
073	Athshlánú ar láithreáin thionsclaíocha agus ar thalamh éillithe	0 %	100 %

¹ I gcás córas fuíolluisce nuathógtha ó cheann go ceann, más é cuspóir an bhirt glanúsáid nialasach fuinnimh a bheith aige nó i gcás córas fuíolluisce arna athnuachan ó cheann go ceann ionas gur lú 10 % ar a laghad an mheánúsáid fuinnimh (trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus iad sin amháin, agus ní mar gheall ar athruithe ábhair nó athruithe ar an ualach).

² Más é cuspóir an bhirt 50 % ar a laghad, i dtéarmaí meáchain, den dramhaíl neamhghuaiseach arna bailiú ar leithligh a iompú ina n-amhábhair thánaisteacha.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
074	Láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a athshlánú i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ¹	40 %	100 %
075	Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúlacht acmhainní in FBManna	40 %	40 %
076	Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúlacht acmhainní i bhfiontair mhóra	40 %	40 %
077	Bearta maidir le cáilíocht an aeir agus bearta laghdaithe torainn	40 %	100 %
078	Cosaint, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe láithreáin Natura 2000	40 %	100 %
079	Cosaint an dúlra agus na bithéagsúlachta, oidhreacht agus acmhainní nádúrtha, bonneagar glas agus gorm	40 %	100 %
080	Bearta eile chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i réimse chaomhnú agus athchóiriú limistéar nádúrtha ag a bhfuil ardacmhainneacht ionsúcháin agus stórála carbóin, e.g. trí mhóintigh a athfhliuchadh, gás líonta talún a ghabháil	100 %	100 %
081	Bonneagar don iompar uirbeach glan ²	100 %	40 %

¹ Más é cuspóir an bhirt láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a thiontú ina linn carbóin nádúrtha.

² Is éard atá i gceist le bonneagar don iompar uirbeach glan ná bonneagar lena gcumasaítear oibriú rothstoic astaíochtaí nialasacha.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
082	Rothstoc don iompar uirbeach glan ¹	100 %	40 %
083	Bonneagar rothaíochta	100 %	100 %
084	Iompar uirbeach a dhigiteáil	0 %	0 %
085	Iompar a dhigiteáil agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa	40 %	0 %
086	Bonneagar breoslaí ionadúla ²	100 %	40 %
CUSPÓIR BEARTAIS 3: EORAIP NÍOS NASCTHA TRÍD AN TSOGHLUAISTEACHT A FHEABHSÚ			
087 ³	Mótarbhealaí agus bóithre nuathógtha nó uasghrádaithe – croíghréasán TEN-T	0 %	0 %
088	Mótarbhealaí agus bóithre nuathógtha nó uasghrádaithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	0 %	0 %
089	Bóithre tánaisteacha nuathógtha nó uasghrádaithe a nascann le gréasán bóithre agus nóid TEN-T	0 %	0 %
090	Bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus rochtana áitiúla nuathógtha nó uasghrádaithe eile	0 %	0 %
091	Mótarbhealaí agus bóithre atógtha nó nuachóirithe – croíghréasán TEN-T	0 %	0 %

¹ Is éard atá i gceist le rothstoc don iompar uirbeach glan ná rothstoc astaíochtaí nialasacha.

² Má tá cuspóir an bhirt i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.

³ I gcás réimsí idirghabhála 087 go 091, is féidir réimsí idirghabhála 081, 082 agus 086 a úsáid le haghaidh eilimintí de na bearta a bhaineann le hidirghabhálacha i mbreoslaí ionadúla, lena n-áirítear luchtú feithiclí leictreacha, nó iompar poiblí.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
092	Mótarbhealaí agus bóithre atógtha nó nuachóirithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	0 %	0 %
093	Bóithre atógtha nó nuachóirithe eile (mótarbhealaí, bóithre náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla)	0 %	0 %
094	Iompar a dhigiteáil: iompar de bhóthar	0 %	0 %
095	Iompar a dhigiteáil agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa: iompar de bhóthar	40 %	0 %
096	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe – croíghréasán TEN-T	100 %	40 %
097	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	100 %	40 %
098	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe eile	40 %	40 %
099	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe eile – leictreach/astaíochtaí nialasacha ¹	100 %	40 %
100	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe – croíghréasán TEN-T	100 %	40 %
101	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	100 %	40 %
102	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe eile	40 %	40 %
103	Iarnróid eile atógtha nó nuachóirithe – leictreach/astaíochtaí nialasacha ¹	100 %	40 %
104	Iompar a dhigiteáil: iompar d'iarnród	40 %	0 %

¹ Má bhaineann cuspóir an bhirt le taobh riain leictirithe agus le fochórais ghaolmhara nó má tá plean ann le haghaidh leictriú nó go mbeidh sé oiriúnach lena úsáid ag traenacha astaíochtaí nialasacha sceithphíopa laistigh de 10 mbliana.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
105	An Córas Eorpach um Bainistiú Tráhta Iarnróid (ERTMS)	40 %	40 %
106	Sócmhainní soghluaiste iarnróid	0 %	40 %
107	Sócmhainní soghluaiste iarnróid astaíochtaí nialasacha/arna gcumhachtú go leictreach ¹	100 %	40 %
108	Iompar ilmhódach (TEN-T)	40 %	40 %
109	Iompar ilmhódach (neamh-uirbeach)	40 %	40 %
110	Calafoirt (TEN-T)	0 %	0 %
111	Calafoirt (TEN-T) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
112	Calafoirt eile	0 %	0 %
113	Calafoirt eile cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
114	Uiscebhealaí agus calafoirt intíre (TEN-T)	0 %	0 %
115	Uiscebhealaí agus calafoirt intíre (TEN-T) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
116	Uiscebhealaí agus calafoirt intíre (réigiúnacha agus áitiúla)	0 %	0 %
117	Uiscebhealaí agus calafoirt intíre (réigiúnach agus áitiúil) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %

¹ Baineann sé seo le traenacha dhá mhód freisin.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
118	Córais slándála, sábháilteachta agus bainistíochta aerthrachta, le haghaidh aerfoirt atá ann cheana	0 %	0 %
119	Iompar a dhigitiú: móid iompair eile	0 %	0 %
120	Iompar a dhigitiú agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa: modhanna eile iompair	40 %	0 %
CUSPÓIR BEARTAIS 4: EORAIP NÍOS SÓISIALTA AGUS NÍOS CUIMSITHÍ LENA gCUIRTEAR CHUN FEIDHME COLÚN EORPACH NA gCEART SÓISIALTA			
121	Bonneagar d'oideachas agus cúram na luathóige	0 %	0 %
122	Bonneagar don oideachas bunscoile agus meánscoile	0 %	0 %
123	Bonneagar don oideachas treasach	0 %	0 %
124	Bonneagar don ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus don oideachas aosach	0 %	0 %
125	Bonneagar tithíochta le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu	0 %	0 %
126	Bonneagar tithíochta (seachas le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu)	0 %	0 %
127	Bonneagar sóisialta eile a chuidíonn le cuimsiú sóisialta sa phobal	0 %	0 %
128	Bonneagar sláinte	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
129	Trealamh sláinte	0 %	0 %
130	Sócmhainní soghluaiste sláinte	0 %	0 %
131	Digiteáil sa chúram sláinte	0 %	0 %
132	Trealamh criticiúil agus soláthairtí is gá chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála	0 %	0 %
133	Bonneagar fáiltithe sealadach le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu	0 %	0 %
134	Bearta chun an rochtain ar fhostaíocht a fheabhsú	0 %	0 %
135	Bearta chun rochtain ar fhostaíocht do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur chun cinn	0 %	0 %
136	Tacaíocht shonrach don fhostaíocht le haghaidh daoine óga agus do lánpháirtiú socheacnamaíoch daoine óga	0 %	0 %
137	Tacaíocht don fhéinfhostaíocht agus do ghnólachtaí nuathionscanta	0 %	0 %
138	Tacaíocht don gheilleagar sóisialta agus d'fhiontair shóisialta	0 %	0 %
139	Bearta chun institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú agus a neartú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus a thuar roimh ré agus chun cúnamh tráthúil agus saincheaptha a áirithiú	0 %	0 %
140	Tacaíocht do chomhoiriúnú i margadh an tsaothair agus d'aistrithe	0 %	0 %
141	Tacaíocht do shoghluaisteacht an lucht saothair	0 %	0 %
142	Tacaíocht chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus idirdheighilt inscnebhunaithe a laghdú sa mhargadh saothair	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
143	Bearta chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram do chleithiúnaithe	0 %	0 %
144	Bearta le haghaidh timpeallacht oibre shláintiúil atá dea-oiriúnaithe ina dtugtar aghaidh ar rioscaí sláinte, lena n-áirítear an ghníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn	0 %	0 %
145	Tacaíocht chun scileanna digiteacha a fhorbairt	0 %	0 %
146	Tacaíocht d'inoiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraithe d'athrú	0 %	0 %
147	Bearta chun aosú gníomhach agus folláin a spreagadh	0 %	0 %
148	Tacaíocht d'oideachas agus cúram na luathóige (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
149	Tacaíocht don oideachas bunscoile go meánscoile (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
150	Tacaíocht don oideachas treasach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
151	Tacaíocht don oideachas aosach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
152	Bearta chun comhionannas deiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chur chun cinn	0 %	0 %
153	Conairí chuig an lánpháirtiú agus athiontráil san fhostaíocht le haghaidh daoine faoi mhíbhuntáiste	0 %	0 %
154	Bearta chun rochtain daoine imeallaithe, amhail na Romaigh, ar oideachas agus ar fhostaíocht a fheabhsú agus chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn	0 %	0 %
155	Tacaíocht don tsochaí shibhialta a bhíonn ag obair le pobal imeallaithe amhail na Romaigh	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
156	Bearta sonracha chun rannpháirtíocht náisiúnach tríú tír san fhostaíocht a mhéadú	0 %	0 %
157	Bearta le haghaidh lánpháirtiú sóisialta náisiúnach tríú tír	0 %	0 %
158	Bearta chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne	0 %	0 %
159	Bearta chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim teaghlaigh agus seirbhísí cúraim pobalbhunaithe	0 %	0 %
160	Bearta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht córas sláinte (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
161	Bearta chun feabhas a chur ar rochtain ar chúram fadtéarmach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
162	Bearta chun córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta a chur chun cinn	0 %	0 %
163	Lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaoil bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a chur chun cinn, na daoine is díothaí agus leanaí san áireamh	0 %	0 %
164	Aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí chúnamh bia agus/nó cúnamh ábhartha a thabhairt do na daoine is díothaí, bearta tionlacain san áireamh	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
CUSPÓIR BEARTAIS 5: EORAIP ATÁ NÍOS GAIRE DO NA SAORÁNAIGH TRÍ FHORBART INBHUANAITHE CHOMHTHÁITE AN UILE CHINEÁL CRÍOCH AGUS TIONSCNAMH ÁITIÚIL A CHOThÚ			
165	Sócmhainní turasóireachta poiblí agus seirbhísí turasóireachta a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	0 %
166	An oidhreacht chultúrtha agus seirbhísí cultúrtha a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	0 %
167	An oidhreacht nádúrtha agus an éiceathurasóireacht, seachas láithreáin Natura 2000, a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	100 %
168	Athghiniúint fhisiciúil agus slándáil spásanna poiblí	0 %	0 %
169	Tionscnaimh forbartha críochaí, straitéisí críochacha a ullmhú san áireamh	0 %	0 %
Cóid eile a bhaineann le cuspóirí beartais 1 go 5			
170	Feabhas a chur ar acmhainneacht údaráis agus chomhlachtaí an chláir atá nasctha le cur chun feidhme na gCistí	0 %	0 %
171	Comhar le comhpháirtithe a fheabhsú laistigh agus lasmuigh den Bhallstát	0 %	0 %
172	Trasmhaoiniú faoi CFRE (tacaíocht do ghníomhaíochtaí de chineál CSE+ atá riachtanach chun an chuid CFRE den oibríocht, agus atá nasctha go díreach léi, a chur chun feidhme)	0 %	0 %
173	Feabhas a chur ar acmhainneacht institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí tionscadail agus tionscnaimh comhair chríochaigh a chur chun feidhme i gcomhthéacs trasteorann, trasnáisiúnta, muirí agus idir-réigiúnach	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
174	Interreg: bainistiú trasnaithe teorann agus bainistiú soghluaisteachta agus imirce	0 %	0 %
175	Na réigiúin is forimeallaí: cúiteamh ar aon chostais bhreise de bharr easpa inrochtaineachta agus ilroinnt chríochach	0 %	0 %
176	Na réigiúin is forimeallaí: gníomhaíocht shonrach chun costais bhreise a chúiteamh i ngeall ar thosca a bhaineann le méid an mhargaidh	0 %	0 %
177	Na réigiúin is forimeallaí: tacaíocht chun costais bhreise a chúiteamh i ngeall ar dhálaí aeráide agus deacrachtaí ó thaobh éagsúlachtaí rilífe	40 %	40 %
178	Na réigiún is forimeallaí: aerfoirt	0 %	0 %
Cúnamh teicniúil			
179	Faisnéis agus cumarsáid	0 %	0 %
180	Ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus rialú	0 %	0 %
181	Meastóireacht agus staidéir, bailiú sonraí	0 %	0 %
182	Atreisiú ar acmhainneacht údarais, thairbhíthe agus chomhpháirtithe ábhartha na mBallstát	0 %	0 %

TÁBLA 2: CÓID LE hAGHAIDH THOISE AN CHINEÁIL TACAÍOCHTA¹

CINEÁL TACAÍOCHTA	
01	Deontas
02	Tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais: caipiteal cothromais nó cuasachothromais
03	Tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais: iasacht
04	Tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais: ráthaíocht
05	Tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais: deontais laistigh d'oibríocht ionstraime airgeadais
06	Duais

¹ Tá an tábla seo infheidhme maidir le CEMID chun críoch Thábla 12 d'Iarscríbhinn VII.

TÁBLA 3: CÓID LE hAGHAIDH THOISE AN tSÁSRA SOLÁTHAIR CHRÍOCHAIGH AGUS NA BÉIME CRÍOCHAÍ

AN SÁSRA SOLÁTHAIR CHRÍOCHAIGH AGUS AN BHÉIM CHRÍOCHACH		
Infheistíocht chríochach chomhtháite (ICC)		ICC dírithe ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe
01	Comharsanachtaí uirbeacha	x
02	Cathracha, bailte agus bruachbhailte	x
03	Ceantair uirbeacha fheidhmiúla	x
04	Ceantair thuaithe	
05	Ceantair shléibhe	
06	Oileáin agus ceantair chósta	
07	Ceantair inar tearc an daonra	
08	Críocha de chineálacha eile a dhírítear orthu	
Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail		Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail dírithe ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe
09	Comharsanachtaí uirbeacha	x
10	Cathracha, bailte agus bruachbhailte	x
11	Ceantair uirbeacha fheidhmiúla	x
12	Ceantair thuaithe	
13	Ceantair shléibhe	
14	Oileáin agus ceantair chósta	
15	Ceantair inar tearc an daonra	
16	Críocha de chineálacha eile a dhírítear orthu	

Uirlis chríochach de chineál eile		Uirlis chríochach de chineál eile atá dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe uirbeach
17	Comharsanachtaí uirbeacha	x
18	Cathracha, bailte agus bruachbhailte	x
19	Ceantair uirbeacha fheidhmiúla	x
20	Ceantair thuaithe	
21	Ceantair shléibhe	
22	Oileáin agus ceantair chósta	
23	Ceantair inar tearc an daonra	
24	Críocha de chineálacha eile a dhírítear orthu	
Cineálacha eile cur chuige ¹		
25	Comharsanachtaí uirbeacha	
26	Cathracha, bailte agus bruachbhailte	
27	Ceantair uirbeacha fheidhmiúla	
28	Ceantair thuaithe	
29	Ceantair shléibhe	
30	Oileáin agus ceantair chósta	
31	Ceantair inar tearc an daonra	
32	Críocha de chineálacha eile a dhírítear orthu	
33	Gan spriocdhíriú críochach	

¹ Cineálacha eile cur chuige arna ndéanamh faoi chuspóirí beartais seachas cuspóir beartais 5 agus nach bhfuil i bhfoirm infheistíochta comhtháithe críochaí ná forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.

TÁBLA 4: CÓID LE hAGHAIDH THOISE NA GNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍCHE

01	Talmhaíocht agus foraoiseacht
02	Iascach
03	Dobharshaothrú
04	Earnálacha eile den gheilleagar gorm
05	Monarú táirgí bia agus deochanna
06	Monarú teicstílí agus táirgí teicstílí
07	Monarú trealaimh iompair
08	Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla
09	Tionscail déantúsaíochta neamhshonraithe eile
10	Tógáil
11	Mianadóireacht agus cairéalacht
12	Leictreachas, gás, gal, uisce te agus aerchóiriú
13	Soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin
14	Iompar agus stóráil
15	Gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear teileachumarsáid
16	Trádáil mórdhíola agus miondíola
17	Gníomhaíochtaí turasóireachta, cóiríochta agus seirbhísí bia
18	Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais
19	Gníomhaíochtaí seirbhísí eastáit réadaigh, ligean ar cíós, agus gnó

20	Riarachán poiblí
21	Oideachas
22	Gníomhaíochtaí maidir le sláinte an duine
23	Gníomhaíochtaí oibre sóisialta, seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta
24	Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an gcomhshaol
25	Ealaíona, siamsaíocht, tionscail na cruthaitheachta agus áineas
26	Seirbhísí neamhshonraithe eile

TÁBLA 5: CÓID LE hAGHAIDH THOISE AN tSUÍOMH

SUÍOMH	
Cód	Suíomh
	Cód réigiúin nó limistéir ina bhfuil an oibríocht lonnaithe nó á déanamh, mar a leagtar amach in aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.

TÁBLA 6: CÓID LE hAGHAIDH THÉAMAÍ TÁNAISTEACHA CSE+

TÉAMA TÁNAISTEACH CSE+		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh
01	Rannchuidiú le scileanna agus poist ghlasa agus leis an ngeilleagar glas	100 %
02	Scileanna agus poist dhigiteacha a fhorbairt	0 %
03	Infheistiú sa taighde agus nuálaíocht agus sa speisialú cliste	0 %
04	Infheistiú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a fheabhsú	0 %
05	Neamh-idirdhealú	0 %
06	Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí	0 %
07	Fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta	0 %
08	Fothú acmhainneachta eagraíochtaí na sochaí sibhialta	0 %
09	Neamhbhainteach	0 %
10	Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint sa Seimeastar Eorpach ¹	0 %

¹ Lena n-áirítear ina gcláir náisiúnta um athchóiriú agus sna moltaí tírshonracha ábhartha (arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 121(2) agus 148(4) CFAE).

TÁBLA 7: CÓID LE hAGHAIDH THOISE AN CHOMHIONANNAIS INSCNE DE CSE+ / CFRE / AN CISTE COMHTHÁTHAITHE / CUAC

Toise an chomhionannais inscne de CSE+ / CFRE / An Ciste Comhtháthaithe / CUAC		Comhéifeacht chun an tacaíocht don chomhionannas inscne a ríomh
01	Díriú ar inscne	100 %
02	Príomhshruthú inscne	40 %
03	Neodrach ó thaobh inscne de	0 %

TÁBLA 8: CÓID LE hAGHAIDH STRAITÉISÍ NA MACRAIRÉIGIÚN AGUS NA nIMCHUACH FARRAIGE

STRAITÉISÍ NA MACRAIRÉIGIÚN AGUS NA nIMCHUACH FARRAIGE	
01	An Straitéis don Réigiún Aidriadach agus Iónach
02	An Straitéis don Réigiún Alpach
03	An Straitéis do Réigiún Mhuir Bhailt
04	An Straitéis do Réigiún na Danóibe
05	An tAigéan Artach
06	An Straitéis Atlantach
07	An Mhuir Dhubh
08	An Mheánmhuir
09	An Mhuir Thuaidh
10	An Straitéis do Réigiún na Meánmhara Thiar
11	Gan aon rannchuidiú le straitéisí macrairéigiúnacha ná imchuach farraige

IARSCRÍBHINN II

An teimpléad don Chomhaontú Comhpháirtíochta – Airteagal 10(6)¹

Tagairt: Airteagal 10(5) de Rialachán (AE) .../... ⁺ (‘Rialachán na bhForálacha Coiteanna’) Ní mó an t-údar leis sin agus na réimsí téacs faoi phointí 1-10 den Iarscríbhinn seo ná 35 leathanach, ina bhfuil 3 000 carachtar ar an meán gan spásanna ar leathanach amháin.

CCI	[15] ²
Teideal	[255]
Leagan	
An chéad bhliain	[4]
An bhliain dheireanach	[4]
Uimhir chinneadh an Choimisiúin	
Dáta chinneadh an Choimisiúin	

-
- ¹ Maidir le CFRE, níl ach Tábla 2 i Roinn 8 ábhartha ó thaobh sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg), agus baineann an fhaisnéis ar fad sna ranna agus sna táblaí eile le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.
- ⁺ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad seo (ST 6674/21).
- ² Tagraíonn na huimhreacha sna lúibíní cearnacha do líon na gcarachtar nach spásanna iad.

1. Roghnú na gcuspóirí beartais agus chuspóir sonrach CUAC

Tagairt: pointe (a) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 1: Roghnú na gcuspóirí beartais agus chuspóir sonrach CUAC, maille leis an údar leis sin

Cuspóir roghnaithe	Clár	Ciste	An t-údar le cuspóir beartais a roghnú nó cuspóir sonrach CUAC
			[3 500 in aghaidh an chuspóra]

2. Roghanna beartais, comhordú agus comhlántacht¹

Tagairt: pointí (b)(i), (ii) agus (iii) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Achoimre ar na roghanna beartais agus na príomhthorthaí a bhfuil súil leo i gcás gach Ciste a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta – pointe (b)(i) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Réimse téacs

Comhordú, críochú agus comhlántachtaí idir na Cistí agus, i gcás inarb iomchuí, comhordú idir cláir náisiúnta agus cláir réigiúnacha – pointe (b)(ii) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Réimse téacs

Comhlántachtaí agus sineirgí idir na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí, agus ionstraimí eile an Aontais – pointe (b)(iii) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Réimse téacs

¹ Idir 10 000 agus 30 000 carachtar a bheidh fad iomlán an téacs a chuirfear isteach sna trí réimse téacs thuas.

3. Ranníocaíocht leis an ráthaíocht bhuiséadach faoi InvestEU, maille leis an údar leis sin¹

Tagairt: pointe (g) d’Airteagal 11(1) agus Airteagal 14 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 2A: Ranníocaíocht le InvestEU (miondealú de réir bliana)

Ranníocaíocht ó		Ranníocaíocht chuig	Miondealú de réir bliana							
Ciste	Catagóir réigiúin	Réimse bheartais (réimsí beartais) InvestEU	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE	Níos forbartha									
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									
CSE+	Níos forbartha									
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									
An Ciste Comhtháthaithe	N/B									
CEMID	N/B									

¹ Ní dhéanfaidh ranníocaíochtaí difear do mhiondealú bliantúil na leithreasuithe airgeadais ar leibhéal CAI do Bhallstát.

Tábla 2B: Ranníocaíocht le InvestEU (achoimre)

	Catagóir réigiúin	Réimse bheartais 1 Bonneagar inbhuanaithe (a)	Réimse beartais 2 Taighde, Nuálaíocht agus Digitiú (b)	Réimse beartais 3 FBM (c)	Réimse beartais 4 Infheistíocht shóisialta agus scileanna (d)	Iomlán (f)=(a)+(b)+(c)+(d)
CFRE	Níos forbartha					
	Beagfhorbartha					
	Trasdul					
CSE+	Níos forbartha					
	Beagfhorbartha					
	Trasdul					
An Ciste Comhtháthaithe						
CEMID						
Iomlán						

Réimse téacs [3 500] (an t-údar leis sin agus an bealach a rannchuidíonn na méideanna sin le cuspóirí beartais a roghnaítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán InvestEU á chur san áireamh)

4. Aistrithe¹

Iarrann an Ballstát	☐ aistriú idir catagóirí réigiúin
	☐ aistriú chuig ionstraimí atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach
	☐ aistriú idir CFRE, CSF+, an Ciste Comhtháthaithe nó chuig Ciste nó Cistí eile
	☐ aistriú acmhainní CFRE agus CSE+ mar thacaíocht chomhlántach don CUAC
	☐ aistrithe ón gcomhar críochach Eorpach go hInfheistíocht le haghaidh post agus fáis

¹ Ní dhéanfaidh aistrithe difear do mhiondealú bliantúil na leithreasuithe airgeadais ar leibhéal CAI do Bhallstát.

4.1. Aistriú idir catagóirí réigiúin

Tagairt: pointe (e) d’Airteagal 11(1) agus Airteagal 111 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 3A: Aistrithe idir catagóirí réigiúin (miondealú de réir bliana)

Aistriú ó	Aistriú chuig	Miondealú de réir bliana							
Catagóir réigiúin	Catagóir réigiúin	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Níos forbartha	Níos forbartha / Trasdul / Beagfhorbartha								
Trasdul									
Beagfhorbartha									

Tábla 3B. Aistriú idir catagóirí réigiúin (achoimre)

Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin	Aistriú chuig:	Méid an aistrithe	Sciar den leithdháileadh tosaigh a aistríodh	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin i ndiaidh an aistrithe
Beagfhorbartha		Níos forbartha			
		Trasdul			
Níos forbartha		Trasdul			
		Beagfhorbartha			
Trasdul		Níos forbartha			
		Beagfhorbartha			

Réimse téacs [3 500] (an t-údar leis sin)

4.2. Aistrithe chuig ionstraimí atá faoi bainistíocht dhíreach nó indíreach

Tagairt: Airteagal 26(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 4A: Aistrithe chuig ionstraimí atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach i gcás ina bhforáiltear dá leithéid sa bhunghníomh* (miondealú de réir bliana)

Aistriú ó		Aistriú chuig	Miondealú de réir bliana							
Ciste	Catagóir réigiúin	Ionstraim	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE	Níos forbartha									
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									
CSE+	Níos forbartha									
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									
An Ciste Comhtháthaithe	N/B									
CEMID	N/B									

* Féadfar aistrithe a dhéanamh chuig aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcás ina bhforáiltear dá leithéid sa bhunghníomh. Sonrófar líon agus ainmneacha ionstraimí ábhartha an Aontais dá réir sin.

Tábla 4B: Aistrithe chuig ionstraimí atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach i gcás ina bhforáiltear dá leithéid sa bhunghníomh* (achoimre)

Ciste	Catagóir réigiúin	Ionstraim 1	Ionstraim 2	Ionstraim 3	Ionstraim 4	Ionstraim 5	Iomlán
CFRE	Níos forbartha						
	Trasdul						
	Beagfhorbartha						
CSE+	Níos forbartha						
	Trasdul						
	Beagfhorbartha						
An Ciste Comhtháthaithe							
CEMID							
Iomlán							

* Féadfar aistrithe a dhéanamh chuig aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcás ina bhforáiltear dá leithéid sa bhunghníomh. Sonrófar líon agus ainmneacha ionstraimí ábhartha an Aontais dá réir sin.

Réimse téacs [3 500] (údar leis)

4.3. Aistrithe idir CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe nó chuig Ciste nó Cistí eile

Tagairt: Airteagal 26(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 5A: Aistrithe idir CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe nó chuig Ciste nó Cistí eile* (miondealú de réir bliana)

Aistrithe ó		Aistrithe chuig		Miondealú de réir bliana							
Ciste	Catagóir réigiúin	Ciste	Catagóir réigiúin (i gcás inarb ábhartha)	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE	Níos forbartha	CFRE, CSE+ nó an Ciste Comhtháthaithe , CEMID, CTIL, CSI, IBTV									
	Trasdul										
	Beagfhorbartha										
CSE+	Níos forbartha										
	Trasdul										
	Beagfhorbartha										
An Ciste Comhtháthaithe	N/B										
CEMID	N/B										

* Ní féidir aistrithe a dhéanamh idir CFRE agus CSE+ ach amháin laistigh den chatagóir chéanna réigiúin.

Tábla 5B: Aistrithe idir CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe nó chuig Ciste nó Cistí eile (achóimre)*

Aistrithe chuig / Aistrithe ó		CFRE			CSE+			An Ciste Comhtháthaithe	CEMI D	CTI L	CS I	IBT V	Iomlá n
		Níos forbart ha	Trasd ul	Beagfhorbart ha	Níos forbart ha	Trasd ul	Beagfhorbart ha						
CFRE	Níos forbartha												
	Trasdul												
	Beagfhorbart ha												
CSE+	Níos forbartha												
	Trasdul												
	Beagfhorbart ha												
An Ciste Comhtháthaithe													
CEMID													
Iomlán													

* Aistrithe chuig cláir eile. Ní féidir aistrithe a dhéanamh idir CFRE agus CSE+ ach amháin laistigh den chatagóir chéanna réigiúin.

Réimse téacs [3 500] (an t-údar leis sin)

4.4. Aistriú acmhainní CFRE agus CSE+ mar thacaíocht chomhlántach do CUAC maille leis an údar leis sin¹

Tagairt: Airteagal 27 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 6A: Aistriú acmhainní CFRE agus CSE+ mar thacaíocht chomhlántach do CUAC (miondealú de réir bliana)

Ciste	Catagóir réigiúin	Ciste	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE	Níos forbartha	CUAC*								
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									
CSE+	Níos forbartha	CUAC								
	Trasdul									
	Beagfhorbartha									

* Ba cheart acmhainní an Chiste um Aistriú Cóir a chomhlánú le hacmhainní CFRE nó CSE+ den chatagóir réigiúin ina bhfuil an chríoch lena mbaineann suite.

¹ Is réamh-aistriú é an t-aistriú seo. Ba cheart é a dheimhniú nó a cheartú ag céad ghlacadh an chláir (na gclár) le leithdháileadh CUAC, mar a léirítear in Iarscríbhinn V.

Tábla 6B: Aistriú acmhainní CFRE agus CSE+ mar thacaíocht chomhlántach don CUAC (achoimre)

		Leithdháileadh faoi Airteagal 3 CUAC de Rialachán CUAC roimh aistrithe
		Aistrithe chuig an gCiste um Aistriú Cóir chuig an gcríoch atá lonnaithe in * :
Aistriú (tacaíocht chomhlántach) de réir catagóir réigiúin ó:		
CFRE	Níos forbartha	
	Trasdul	
	Beagfhorbartha	
CSE+	Níos forbartha	
	Trasdul	
	Beagfhorbartha	
Iomlán	Níos forbartha	
	Trasdul	
	Beagfhorbartha	

* Ba cheart acmhainní an Chiste um Aistriú Cóir a chomhlánú le hacmhainní CFRE nó CSE+ den chatagóir réigiúin ina bhfuil an chríoch lena mbaineann suite.

Réimse téacs [3 500] (údar leis)

4.5. Aistrithe ó sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis

Tagairt: Airteagal 111(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 7: Aistrithe ó sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis

Aistriú ó sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg)								
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Trasteorann								
Trasnáisiúnta								
Is forimeallaí								

Aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis									
Ciste	Catagóir réigiúin	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE	Níos forbartha								
	Trasdul								
	Beagfhorbartha								
CSE+	Níos forbartha								
	Trasdul								
	Beagfhorbartha								
An Ciste um Aistriú Cóir	N/B								
An Ciste Comhtháthaithe	N/B								

Réimse téacs [3 500] (an t-údar leis sin)

5. Cineál na ranníocaíochta ón Aontas le haghaidh cúnamh teicniúil

Tagairt: pointe (f) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Cineál na ranníocaíochta ón Aontas le haghaidh cúnamh teicniúil a roghnú	☐ Cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(4)*
	☐ Cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(5)**

* Má dhéantar an rogha seo, líontar Tábla 1 de Roinn 8 isteach.

** Má dhéantar an rogha seo, líontar Tábla 2 de Roinn 8 isteach.

Réimse téacs [3 500] (údar leis)

6. Díriú téamach

6.1.

Tagairt: Airteagal 4(3) Rialachán CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe

Cinneann an Ballstát	☐ díriú téamach ar an leibhéal náisiúnta a chomhlíonadh
	☐ díriú téamach ar leibhéal na catagóire réigiúin a chomhlíonadh
	☐ acmhainní an Chiste Chomhtháthaithe a chur san áireamh ar mhaithe le díriú téamach

6.2.

Tagairt: pointe (c) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus Airteagal 7 de Rialchán CSE+

Comhlíonann an Ballstát na ceanglais maidir le díriú téamach	... % don chuimsiú sóisialta Clársceidealaithe faoi chuspóirí sonracha (h) – (l) d’Airteagal 4 Rialachán CSE+	Cláir bheartaithe CSE+ 1 2
	... % do thacaíocht do na daoine is díothaí Clársceidealaithe faoi chuspóirí sonracha (m) agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo (l) d’Airteagal 4 Rialachán CSE+	Cláir bheartaithe CSE+ 1 2
	... % do thacaíocht d’fhostaíocht le haghaidh daoine óga Clársceidealaithe faoi chuspóirí sonracha (a), (f) agus (l) d’Airteagal 4 Rialachán CSE+	Cláir bheartaithe CSE+ 1 2

	... % do thacaíocht chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí Clársceidealaithe faoi chuspóirí sonracha (f) agus (h) – (l) d’Airteagal 4 Rialachán CSE+	Cláir bheartaithe CSE+ 1 2
	... % d’fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhríaltasacha Clársceidealaithe faoi na cuspóirí sonracha uile cé is moite de (m) d’Airteagal 4 Rialachán CSE+	Cláir bheartaithe CSE+ 1 2

7. Réamh-leithdháileadh airgeadais ó gach ceann de na cistí atá cumhdaithe ag an gComhaontú Comhpháirtíochta de réir cuspóir beartais, chuspóir sonracha CUAC agus cúnamh teicniúil, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach*

Tagairt: pointe (c) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 8: Réamh-leithdháileadh airgeadais ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, CUAC, CSE+, CEMID de réir cuspóir beartais, chuspóir sonrach CUAC agus cúnamh teicniúil*

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaithe ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMID ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Cuspóir beartais 1		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			
Cuspóir beartais 2		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaith e ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMI D ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Cuspóir beartais 3		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			
Cuspóir beartais 4		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaith e ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMI D ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Cuspóir beartais 5		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			
Cuspóir sonrach CUAC												
Cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, i gcás inarb ábhartha		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaith e ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMI D ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(5) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (i gcás inarb ábhartha)		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			
Cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 37 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (i gcás inarb ábhartha)		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaith e ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMI D ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Iomlán		Níos forbartha							Níos forbartha			
		Trasdul							Trasdul			
		Beagfhorbartha							Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra							Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartach a inar tearc an daonra			
Acmhainní de bhun Airteagal 7 de Rialachán CUAC a bhaineann le hacmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC												

Cuspóirí beartais, CUAC, cuspóir sonrach nó cúnamh teicniúil	CFRE			Leithdháileadh an Chiste Comhtháthaith e ar an leibhéal náisiúnta	CUAC**			CSE+			Leithdháileadh CEMI D ar an leibhéal náisiúnta	Iomlán
	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Acmhainní de bhun Airteagal 3 de Rialachán CUAC	Acmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC	Leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta	Catagóir réigiúin**	Leithdháileadh de réir catagóir réigiúin		
Acmhainní de bhun Airteagal 7 de Rialachán CUAC a bhaineann le hacmhainní de bhun Airteagal 4 de Rialachán CUAC									iomlán			
Iomlán												

* Ba cheart a áireamh sa mhéid na méideanna solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna a leithdháileadh roimh ré. Ní dhearbhoífar leithdháileadh iarbhir na méideanna solúbthachta ach le linn an athbhreithnithe meántearma.

** Méideanna CUAC tar éis na tacaíochta forlíontaí atá beartaithe ó CFRE agus CSE+.

Réimse téacs [3 500] (údar leis)

8. Liosta na gclár atá beartaithe faoi na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maille leis na réamh-leithdháiltí airgeadais a bhaineann leo de réir ciste agus an ranníocaíocht náisiúnta chomhfhreagrach de réir catagóir réigiúin

Tagairt: pointe (h) d'Airteagal 11(1) agus Airteagal 110 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 9A. Liosta na gclár beartaithe¹ a bhfuil réamh-leithdháiltí airgeadais acu*

Teideal [255]	Ciste	Catagóir réigiúin	Ranníocaíocht ón Aontas	Ranníocaíocht náisiúnta	Iomlán
Clár** ¹	CFRE	Níos forbartha			
		Trasdul			
		Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha inar tearc an daonra			
Clár 2	An Ciste Comhtháthaithe	N/B			

¹ I gcás inar roghnaíodh cúnamh teicniúil in Airteagal 36(4) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Clár 3	CSE+	Níos forbartha			
		Trasdul			
		Beagfhorbartha			
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha inar tearc an daonra			
Clár 4	An Ciste um Aistriú Cóir – leithdháileadh (Airteagal 3, Rialachán CUAC)	N/B			
	Leithdháileadh an Chiste um Aistriú Cóir (Airteagal 4, an Ciste um Aistriú Cóir)	N/B			
Iomlán	CFRE, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC, CSE+				
Clár 5	CEMID	N/B			

* Ba cheart a áireamh sa mhéid na méideanna solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna a leithdháileadh roimh ré. Ní dhearbhófar leithdháileadh iarbhír na méideanna solúbthachta ach le linn an athbhreithnithe mheántearma.

** Is féidir na cláir tacaíocht chomhpháirteach a fháil ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 25(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (mar is féidir le tosaíochtaí tacaíocht a úsáid ó Chiste amháin nó níos mó i gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna). Nuair a chuireann an CUAC le clár, ní mór aistrithe comhlántacha a chur san áireamh i leithdháileadh CUAC agus ní mór iad a roinnt chun méideanna a chur i láthair i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán CUAC.

Tábla 9B. Liosta na gclár beartaithe¹ a bhfuil réamh-leithdháiltí airgeadais acu*

Teideal [255]	Ciste	Catagóir réigiúin	Ranníocaíocht ón Aontas		Ranníocaíocht náisiúnta	Iomlán
			Ranníocaíocht ón Aontas gan cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(5) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna	Ranníocaíocht ón Aontas le haghaidh cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 36(5) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna		
Clár** 1	CFRE	Níos forbartha				
		Trasdul				
		Beagfhorbartha				
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha inar tearc an daonra				
Clár 2	An Ciste Comhtháthaithe	N/B				
Clár 3	CSE+	Níos forbartha				
		Trasdul				
		Beagfhorbartha				
		Na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha inar tearc an daonra				

¹ I gcás inar roghnaíodh cúnamh teicniúil in Airteagal 36(5) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Clár 4	CUAC leithdháileadh (Airteagal 3, Rialachán CUAC)	N/B				
	Leithdháileadh CUAC (Airteagal 4, Rialachán CUAC)	N/B				
Iomlán	CFRE, An Ciste Comhtháthaithe, CSE+, CUAC					
Clár 5	CEMID	N/B				
Iomlán	Gach ciste					

* Ba cheart a áireamh sa mhéid na méideanna solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna a leithdháileadh roimh ré. Ní dhearbhófar leithdháileadh iarbhír na méideanna solúbthachta ach le linn an athbhreithnithe mheántearma.

** Is féidir na cláir tacaíocht chomhpháirteach a fháil ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 25(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (mar is féidir le tosaíochtaí tacaíocht a úsáid ó Chiste amháin nó níos mó i gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna). Nuair a chuireann CUAC le clár, ní mór aistrithe comhlántacha a chur san áireamh i leithdháileadh an CUAC agus ní mór iad a roinnt chun méideanna a chur i láthair i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán CUAC.

Tagairt: Airteagal 11 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 10: Liosta chlár Interreg atá pleanáilte

Clár 1	Teideal 1 [255]
Clár 2	Teideal 1 [255]

9. Achoimre ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun cumas riaracháin a threisiú maidir le cur chun feidhme na gcistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta

Tagairt: pointe (i) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Réimse téacs [4 500]

10. Cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus/nó riachtanais shonracha na réigiún agus na limistéar (i gcás inarb iomchuí)

Tagairt: pointe (j) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna den Rialachán seo agus Airteagal 10, Rialachán CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe

Réimse téacs [3 500]

11. Achoimre ar an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Iarscríbhinní III agus IV (roghnach)

Tagairt: Airteagal 11 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Tábla 11: Coinníollacha cumasúcháin

An coinníoll cumasúcháin	Ciste	Cuspóir sonrach roghnaithe (N/B i gcás CEMID)	Achoimre ar an measúnú
			[1 000]

12. Réamhspríoc rannchuidithe aeráide

Tagairt: Airteagal 6(2) agus pointe (d) d’Airteagal 11(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna

Ciste	Réamh-rannchuidiú aeráide ¹
CFRE	
An Ciste Comhtháthaithe	

¹ Comhfhreagairt d’fhaisnéis atá ar áireamh sna cláir nó atá le háireamh sna cláir mar thoradh ar na cineálacha idirghabhála agus an miondealú táscach airgeadais de bhun phointe (d)(viii) d’Airteagal 22(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

IARSCRÍBHINN III

Coinníollacha cothrománacha cumasúcháin – Airteagal 15(1)

Infheidhme i leith gach cuspóir sonrach	
Ainm na gcoinníollacha cumasúcháin	Critéir don chomhlíonadh
Sásraí faireacháin éifeachtacha ar an margadh soláthair phoiblí	Tá sásraí faireacháin i bhfeidhm a chumhdaíonn na conarthaí poiblí uile agus soláthar i ndáil leo faoi na Cistí i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le soláthar. Áirítear an méid a leanas leis an gceanglas sin: 1. Socruithe chun a áirithiú go dtiomsófar sonraí éifeachtacha iontaofa maidir le nósanna imeachta um sholáthar poiblí os coinn thairseacha an Aontais i gcomhréir leis na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagail 83 agus 84 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagail 99 agus 100 de Threoir 2014/25/AE. 2. Socruithe chun a áirithiú go gcumhdóidh na sonraí na heilimintí seo a leanas ar a laghad: (a) cáilíocht agus déine na hiomaíochta: ainmneacha an tairgeora rathúil, líon na dtairgeoirí tosaigh agus an luach conarthach; (b) faisnéis maidir leis an bpraghas deiridh tar éis tabhairt i gcrích agus rannpháirtíocht FMBanna mar thairgeoirí díreacha, i gcásanna ina gcuireann córais náisiúnta faisnéis den sórt sin ar fáil. 3. Socruithe chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán agus anailís ar na sonraí i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 99(2) de Threoir 2014/25/AE.

	4. Socruithe chun torthaí na hanailíse a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 83(3) de Threoir 2014/24/CE agus le hAirteagal 99(3) de Threoir 2014/25/AE. 5. Socruithe chun a áirithiú go ndéanfar gach faisnéis a thabharfadh cásanna de rigeáil tairiscintí amhrasach le fios a chur in iúl do na comhlachtaí náisiúnta inniúla i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 99(2) de Threoir 2014/25/AE.
Uirlisí agus acmhainneacht chun rialacha maidir leis an státchabhair a chur i bhfeidhm go héifeachtach	Tá na huirlisí agus an acmhainneacht ag na húdaráis bainistíochta chun comhlíonadh na rialacha maidir le státchabhair a fhíorú: 1. Le haghaidh gnóthais atá i gcrúachas agus gnóthais atá faoi réir ceanglas aisghabhála. 2. Trí rochtain ar shainchomhairle agus ar shaintreoracha maidir le cúrsaí státchabhrach, arna soláthar ag saineolaithe státchabhrach i gcomhlachtaí áitiúla nó náisiúnta.
An Chairt um Chearta Bunúsacha a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach	Tá sásraí éifeachtacha i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘ an Chairt’) á chomhlíonadh, a chuimsíonn: 1. Socruithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na cláir a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí forálacha ábhartha na Cairte agus go gcuirfear i bhfeidhm iad. 2. Socruithe tuairiscithe don choiste faireacháin maidir le cásanna oibríochtaí neamhchomhlíonta á dtacú ag na Cistí leis an gCairt agus maidir le gearáin i ndáil leis an gCairt a cuireadh isteach i gcomhréir leis na socruithe a rinneadh de bhun Airteagal 69(7).

Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar chearta daoine faoi mhíchumas (UNCRPD) i gcomhréir le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle¹	Tá creat náisiúnta i bhfeidhm chun cur chun feidhme UNCRPD a áirithiú, lena n-áirítear an méid a leanas: 1. Cuspóirí a bhfuil spriocanna intomhaiste ag gabháil leo, bailiú sonraí agus sásraí faireacháin. 2. Socruithe chun a áirithiú go dtugtar léiriú ceart ar an mbeartas inrochtaineachta, an reachtaíocht agus na caighdeáin agus na cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme. 3. Socruithe tuairiscithe don choiste faireacháin maidir le cásanna oibríochtaí neamhchomhlíonta á dtacú ag na Cistí le UNCRPD agus maidir le gearáin i ndáil le UNCRPD a tíolacadh i gcomhréir leis na socruithe a rinneadh de bhun Airteagal 69(7).
---	--

¹ Cinneadh ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch.35).

IARSCRÍBHINN IV

Coinníollacha téamacha cumasúcháin is infheidhme maidir le CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe – Airteagal 15(1)

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
1. Eoraip níos iomaíche agus níos cliste a bheith ann trí chlaohlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn	CFRE: Acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus glacadh na n-ardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhéadú Scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don aistriú tionsclaíoch agus don fhiontraíocht	1.1. Dea-rialachas straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha um speisialtóireacht chliste	Tacófar le straitéis nó le straitéisí um speisialtóireacht chliste le: 1. Anailís chothrom le dáta ar dhúshláin maidir le scaipeadh nuálaíochta agus an digiteáil. 2. Institiúid nó comhlacht inniúil réigiúnach nó náisiúnta a bheith ann, atá freagrach as an straitéis um speisialtóireacht chliste a bhainistiú. 3. Uirlisí faireacháin agus meastóireachta chun feidhmíocht i dtreo chuspóirí na straitéise a thomhas. 4. Feidhmiú comhair idir geallsealbhóirí ("próiseas fionnachtana fiontraíochta"). 5. Gníomhaíochtaí atá riachtanach chun córais taighde agus nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha a fheabhsú, i gcás inarb ábhartha.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
			6. I gcás inarb ábhartha, gníomhaíochtaí chun tacú leis an aistriú tionsclaíoch. 7. Bearta chun comhar le comhpháirtithe lasmuigh de Bhallstát ar leith a fheabhsú i réimsí tosaíochta arna dtacú ag an straitéis um speisialtóireacht chliste.
	CFRE: Nascacht dhigiteach a fheabhsú	1.2. Plean leathanbhanda náisiúnta nó réigiúnach	Tá plean náisiúnta nó réigiúnach i bhfeidhm ina bhfuil na nithe seo a leanas: 1. Measúnú ar an mbearna infheistíochta nach mór aghaidh a thabhairt uirthi chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh uile an Aontais ar líonraí fíor-ardacmhainneachta ¹ , bunaithe ar an méid a leanas: (a) mapáil a rinneadh le déanaí ² ar an mbonneagar príobháideach agus poiblí atá ann cheana féin agus ar cháilíocht na seirbhíse ag úsáid táscairí caighdeánacha don mhapáil leathanbhanda; (b) comhairliúchán maidir le hinfeistíochtaí atá beartaithe i gcomhréir le ceanglais stáitchabhrach.

¹ I gcomhréir leis an gcuspóir a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(2) i gcomhar le haithris (25) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

² I gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2018/1972.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
			2. An t-údar leis an idirghabháil phoiblí atá beartaithe ar bhonn samhlacha infheistíochta inbhuanaithe: (a) a fheabhsaíonn inacmhainneacht agus rochtain ar bhonneagar agus seirbhísí atá oscailte, ar ardchaighdeán agus slán i bhfad na haimsire; (b) a chuir na cineálacha cúnaimh airgeadais in oiriúint do na teipeanna margaidh arna sainaithint; (c) a fhágann gur féidir úsáid chomhlántach a bhaint as foirmeacha éagsúla maoiniúcháin ó fhoinsí an Aontais, náisiúnta nó réigiúnacha. 3. Bearta chun tacú le héileamh agus úsáid líonraí fíor-ardacmhainneachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun a rolladh amach a éascú, go háirithe trí chur chun feidhme éifeachtach Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. 4. Sásraí don chúnamh teicniúil agus sainchomhairle, amhail oifig inniúlachta leathanbhanda, chun acmhainneacht na ngeallsealbhóirí áitiúla a threisiú agus chun comhairle a chur ar thionscnóirí tionscnamh. 5. Sásra faireacháin bunaithe ar tháscairí caighdeánacha don mhapáil leathanbhanda.

¹ Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a leathnú amach. (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
2. Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistroidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú	2.1. Creat um beartas straitéiseach chun tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil ar fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe	1. Tá straitéis athchóirithe fhadtéarmach náisiúnta chun tacú leis an athchóiriú ar an stoc náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe glactha, i gcomhréir le ceanglais Threoir (AE) 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, straitéis: (a) a bhfuil garspriocanna táscacha le haghaidh 2030, 2040 agus 2050 i gceist leis; (b) a sholáthraíonn imlíne tháscach de na hacmhainní airgeadais chun tacú le cur chun feidhme na straitéise; (c) a shainíonn sásraí éifeachtacha chun infheistíochtaí a chur chun cinn san athchóiriú foirgneamh. 2. Bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh chun an caomhnú fuinnimh is gá a bhaint amach

¹ Treoir (AE) 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch.13).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú Fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, lena n-áirítear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach inti	2.2. Rialachas na hearnála fuinnimh	Tugtar fógra don Choimisiún maidir leis an bplean náisiúnta comhtháite don fhuinnimh agus don aeráid, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus comhsheasmhach leis na cuspóirí fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear an méid an leanas ann: 1. Gach eilimint a cheanglaítear faoin teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999. 2. Imlíne de na hacmhainní airgeadais agus sásraí atá beartaithe do bhearta a chuireann fuinneamh ísealcharbóin chun cinn.

¹ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001, lena n-áirítear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach inti	2.3. Cur chun cinn éifeachtach ar úsáid an fhuinnimh inathnuaite thar earnálacha agus ar fud an Aontais	Tá bearta i bhfeidhm chun na nithe seo a áirithiú: 1. Comhlíonadh sprioc ceangailteach 2020 maidir le fuinneamh inathnuaite agus an sciar sin d'fhuinneamh inathnuaite mar bhonnlíne go dtí 2030 nó bearta breise a dhéanamh i gcás nach gcoinneofar an bhonnlíne thar aon tréimhse bhliana i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán (AE) 2018/1999 2. I gcomhréir le ceanglais Threoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán (AE) 2018/1999, méadú ar sciar an fhuinnimh inathnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2018/2001.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Oiriúnú don athrú aeráide agus rioscaí ó thubaistí a chosc agus athléimneacht a chur chun cinn, agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh	2.4. Creat éifeachtach bainistithe rioscaí ó thubaistí.	Tá plean bainistithe rioscaí ann i leith tubaistí náisiúnta nó réigiúnacha, bunaithe ar bhonn measúnuithe riosca, ina gcuirtear san áireamh go cuí tionchair dhóchúlacha an athraithe aeráide agus na straitéisí oiriúnaithe aeráide atá ann cheana, agus áirítear an méid a leanas sa phlean sin: 1. Tuairisc ar na príomhrioscaí, arna measúnú i gcomhréir le forálacha Airteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, lena léirítear an phróifíl riosca atá ann faoi láthair agus atá ag forbairt le tréimhse tháscach ama de 25 go 35 bliana. I dtaca le rioscaí a bhaineann leis an aeráid, bunófar an measúnú ar réamh-mheastacháin ar an athrú aeráide agus cásanna féideartha maidir leis an athrú aeráide. 2. Tuairisc ar na bearta um chosc tubaistí, ullmhacht do thubaistí agus bearta freagartha chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí a aithníodh. Tabharfar tosaíocht do na bearta i gcomhréir leis na rioscaí agus leis an tionchar eacnamaíoch a ghabhann leo, bearnaí ó thaobh acmhainneachta de², éifeachtacht agus éifeachtúlacht, agus roghanna malartacha á gcur san áireamh. 3. Faisnéis maidir le hacmhainní agus sásraí maoiniúcháin atá ar fáil chun íoc as costas na n-oibríochtaí agus na costais chothabhála a bhaineann le cosc, ullmhacht agus freagairt.

¹ Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

² Mar a measadh sa mheasúnú ar chumais bainistithe riosca a cheanglaítear faoi Airteagal 6(1)(b) de Chinneadh Uimh. 1313/2013.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Rochtain ar uisce agus an bainistiú inbhuanaithe uisce a chur chun cinn	2.5. Plean nuashonraithe le haghaidh infheistíochtaí is gá in earnáil an uisce agus in earnáil an fhuíolluisce	Tá plean náisiúnta infheistíochta ann d'earnáil amháin nó don dá earnáil, agus cuimsíonn sé na nithe seo a leanas: 1. Measúnú ar an staid reatha ó thaobh chur chun feidhme Threoir 91/271/CEE¹ agus Threoir 98/83/CE ón gComhairle². 2. Sainaithint agus pleanáil aon infheistíochtaí poiblí, lena n-áirítear meastachán airgeadais táscach: (a) atá de dhíth chun Treoir 91/271/CEE a chur chun feidhme, lena n-áirítear tosaíochtaí i ndáil le méid na gceirtleán agus an tionchar ar an gcomhshaol, agus miondealú ar na hinfeistíochtaí do gach ceirtleán fuíolluisce; (b) atá de dhíth chun Treoir 98/83/CE a chur chun feidhme; (c) atá de dhíth chun freagairt do na riachtanais a eascraíonn as Treoir (AE) 2020/2184³, go háirithe i ndáil leis na paraiméadair cháilíochta leasaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Treoir sin.

¹ Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

² Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha lena thomhailt ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

³ Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
			3. Meastachán ar na hinfheistíochtaí is gá chun athnuachan a dhéanamh ar an mbonneagar fuíolluisce agus soláthair uisce atá ann faoi láthair, na gréasáin san áireamh, bunaithe ar a n-aois agus ar na pleananna dímheasa. 4. Eolas tascach faoi fhoinsí féideartha don mhaoiniú poiblí, nuair a bhíonn gá leo mar chomhlánú ar mhuirir ar úsáideoirí.
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: An t-aistriú go geilleagar atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn	2.6. Plean nuashonraithe don bhainistíocht dramhaíola	Tá plean bainistithe dramhaíola amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ i bhfeidhm a chumhdaíonn críoch iomlán an Bhallstáit, agus na nithe seo a leanas san áireamh ann/iontu: 1. Anailís ar staid reatha an bhainistithe dramhaíola sa limistéar geografach lena mbaineann, lena n-áirítear cineál, cáilíocht agus foinse na dramhaíola a ghintear agus meastóireacht ar an bhforbairt orthu sin amach anseo, ag cur san áireamh an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta a leagtar amach sna cláir um chosc ar dhramhaíl arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 2008/98/CE. 2. Measúnú ar na scéimeanna bailithe dramhaíola atá ann cheana féin, lena n-áirítear an t-ábhar agus an clúdach críochach don bhailiúchán deighilte agus bearta chun feidhmiú an bhailiúcháin dheighilte sin a fheabhsú, chomh maith leis an ngá atá le scéimeanna nua bailithe.

¹ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
			3. Measúnú ar an mbearna san infheistíocht lena dtugtar údar leis an ngá le suiteálacha dramhaíola atá ann cheana a dhúnadh agus le bonneagar dramhaíola breise nó uasghrádaithe, maille le faisnéis faoi na foinsí ioncaim atá ar fáil le híoc as na costais oibríochtúla agus chothabhála. 4. Faisnéis faoi na critéir ó thaobh an tsuímh maidir leis an dóigh a ndéanfar sainaithint suíomhanna a chinneadh agus maidir leis an toilleadh a bheidh ag suiteálacha cóireála dramhaíola amach anseo.
	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: Cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i gceantair uirbeacha, agus gach cineál truaillithe a laghdú;	2.7. Creat gníomhaíochta tosaíochta do na bearta caomhnaithe riachtanacha a bhfuil cómhaoiniú ón Aontas i gceist leo.	Maidir le hidirghabhálacha lena dtacaítear le bearta caomhnaithe dúlra i dtaca le limistéir Natura 2000 laistigh de raon feidhme Threoir 92/43/CEE ón gComhairle¹: Tá creat gníomhaíochta tosaíochta i bhfeidhm de bhun Airteagal 8 de Threoir 92/43/CEE agus áirítear ann na heilimintí uile a cheanglaítear leis an teimpléad do chreat gníomhaíochta tosaíochta don tréimhse 2021-2027 arna chomhaontú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, lena n-áirítear sainaithint na mbeart tosaíochta agus meastachán ar riachtanais mhaoiniúcháin.

¹ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
3. Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú	CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe: TEN-T a fhorbairt a bheidh aeráid-díonach, cliste, slán, inbhuanaithe agus idirmhódúil; Soghluaisteacht a fhorbairt agus a fheabhsú go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil a bheidh inbhuanaithe, aeráid-díonach, cliste agus idirmhódúil, a mbeidh feabhas rochtana ar TEN-T agus soghluaisteacht trasteorann le háireamh uirthi	3.1 Pleanáil chuimsitheach iompair ar an leibhéal iomchuí	Tá mapáil ilmhódach ar an mbonneagar atá ann cheana agus atá beartaithe, seachas ar an leibhéal áitiúil, go dtí 2030 i bhfeidhm lena ndéanfar an méid a leanas: 1. A áirithíonn measúnú eacnamaíoch ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe, agus anailísiú ar an éileamh agus samhltú tráchtá mar thaca leis sin, agus ba cheart an tionchar a mheastar a bheidh ag oscailt na margaí seirbhísí iarnróid a chur san áireamh iontu. 2. Atá comhchuí leis na heilimintí a bhaineann le hiompar sa phlean náisiúnta comhtháite don fhuinneamh agus don aeráid. 3. A áirithíonn infheistíochtaí i gconairí chroíghréasán TEN-T, mar a shainmhínítear i Rialachán SUCE, i gcomhréir le pleananna oibre maidir le conairí chroíghréasán TEN-T. 4. Le haghaidh infheistíochtaí lasmuigh de chonairí chroíghréasán TEN-T, lena n-áirítear codanna trasteorann, a áirithíonn comhlántacht trí nascacht idir na gréasáin uirbeacha, na réigiúin agus na pobail áitiúla le croíghréasáin TEN-T agus a n-oid.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
			5. A áirithíonn idir-inoibritheacht an ghréasáin iarnróid agus, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha ar imlonnú ERTMS de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún¹. 6. A chuireann an t-ilmhódachas chun cinn, trí riachtanais a shainaitheint don lastas ilmhódach nó trasloingsithe agus do chríochfoirt paisinéirí. 7. A chuimsíonn bearta atá ábhartha ó thaobh pleanáil bonneagair de arb é is aidhm dóibh breoslaí ionadúla a chur chun cinn, i gcomhréir le creataí beartais ábhartha náisiúnta. 8. A chuireann i láthair torthaí an mheasúnaithe ar rioscaí don tsábháilteacht ar bhóithre i gcomhréir le straitéisí náisiúnta don tsábháilteacht ar bhóithre atá ann cheana féin, maille le mapáil ar na bóithre agus codanna de bhóithre a ndéanfar difear dóibh, maille le hord tosaíochta do na hinfheistíochtaí comhfhreagracha. 9. A thugann faisnéis faoi na hacmhainní buiséadacha agus maoiniúcháin a fhreagraíonn do na hinfheistíochtaí atá beartaithe agus atá ag teastáil chun costais oibríochtúla agus chothabhála na mbonneagar atá ann cheana féin agus atá beartaithe a chumhdach.

¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir leis an bplean imlonnaithe Eorpaigh don Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (IO L 3, 6.1.2017, lch. 6).

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
4. Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta	CFRE: Feabhas a chur ar éifeachtacht agus cuimsitheacht na margaí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardchaighdeán trí bhonneagar sóisialta a fhorbairt agus geilleagar sóisialta a chur chun cinn CSE+: An fhostaíocht agus bearta gníomhachtúcháin a dhéanamh níos inrochtana do gach cuardaitheoir poist, go háirithe do dhaoine óga, tríd an ráthaíocht don aos óg a chur chun feidhme go speisialta, agus do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach mar aon le grúpaí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an mhargaidh saothair de, agus do dhaoine neamhghníomhacha, mar aon leis an bhféinfhostaíocht agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn	4.1. Creat um beartas straitéiseach le haghaidh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair	Tá creat um beartas straitéiseach le haghaidh beartais gníomhacha maidir leis an margadh saothair i bhfianaise na dtreoirlínte fostaíochta i bhfeidhm agus na nithe seo a leanas san áireamh ann: 1. Socruithe chun próifiliú cuardaitheoirí poist agus measúnú ar a riachtanais a dhéanamh. 2. Eolas maidir le folúntais nua post agus deiseanna fostaíochta agus riachtanais na margaí saothair á gcur san áireamh. 3. Socruithe lena áirithiú go bhfuil sé á cheapadh agus á chur chun feidhme, agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú air, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha. 4. Socruithe chun faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. 5. I gcás idirghabhálacha fostaíochta le haghaidh daoine óga, conairí spriocdhírithé atá bunaithe ar fhianaise le haghaidh daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, bearta for-rochtana san áireamh, agus bunaithe ar cheanglais cháilíochta a chuireann san áireamh critéir le haghaidh printíseachtaí agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme na scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	Institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus iad a thuar agus chun cúnamh agus tacaíocht thráthúil shaincheaptha a áirithiú don chomhoiriúnú sa mhargadh saothair, d'aistrithe agus don tsoghluaisteacht;		
	CFRE: Feabhas a chur ar éifeachtacht agus cuimsitheach na margaí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardchaighdeán trí bhonneagar sóisialta agus geilleagar sóisialta a chur chun cinn	4.2. Creat straitéiseach náisiúnta don chomhionannas inscne	Tá creat náisiúnta um beartas straitéiseach don chomhionannas inscne i bhfeidhm a chuimsíonn na nithe seo a leanas: 1. Dúshlán maidir le comhionannas inscne a shainaithint bunaithe ar fhianaise. 2. Bearta chun dul i ngleic le bearnaí idir na hinscní san fhostaíocht, sa phá, sna pinsin, agus cothromaíocht oibre agus saoil d'fhir agus do mhná a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar oideachas agus cúram na luathóige a fheabhsú, maille le spriocanna, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CSE+: Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de, dálaí oibre comhionanna agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ar chúram do dhaoine spleácha		3. Socruithe chun faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat um beartas straitéiseach agus ar mhodhanna bailithe sonraí bunaithe ar shonraí imdhealaithe de réir inscne. 4. Socruithe lena áirithiú go bhfuil sé á cheapadh agus á chur chun feidhme, agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú air, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
	CFRE: Feabhas a chur ar rochtain comhionann ar sheirbhísí ionchuimsitheacha ar ardchaighdeán san oideachas, san oiliúint, agus san fhoghlaím ar feadh an tsaoil tríd an mbonneagar a fhorbairt, lena n-áirítear trí athléimneacht faoi choinne cianoideachas agus cianoiliúint agus oideachas ar líne agus oiliúint ar líne; CSE+:	4.3. Creat um beartas straitéiseach don chóras oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.	Tá creat náisiúnta nó réigiúnach um beartas straitéiseach don chóras oideachais agus oiliúna i bhfeidhm, a chuimsíonn na nithe seo a leanas: 1. Córais fianaise-bhunaithe le haghaidh oirchill agus tuar scileanna. 2. Sásraí agus seirbhísí chun céimithe a rianú ionas go mbeidh treoir ardchaighdeán, éifeachtach ann d'fhoghlaimeoirí de gach aois. 3. Bearta chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ar oideachas agus oiliúint inacmhainne, ábhartha, neamhscartha agus ionchuimsitheach ar ardcháilíocht, go mbeifear rannpháirteach iontu sin agus go ndéanfar iad a chríochnú agus go bhfaighfear príomhinniúlachtaí ar gach leibhéal, an t-ardoideachas san áireamh.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	Feabhas a chur ar chórais oideachais agus oiliúna ó thaobh cáilíochta, cuimsitheachta, éifeachtachta agus ábharthacht don mhargadh saothair, lena n-áirítear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, chun sealbhú príomhinniúlachtaí a éascú, scileanna fiontraíochta agus digiteacha san áireamh, agus trí thabhairt isteach córas dé-oiliúna agus printíseachtaí a chur chun cinn;		4. Sársa comhordúcháin a chuimsíonn gach leibhéal oideachais agus oiliúna, ardoideachas san áireamh, agus sannadh soiléir freagrachtaí idir na comhlachtaí ábhartha náisiúnta agus/nó réigiúnacha. 5. Socruithe chun faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat um beartas straitéiseach. 6. Bearta chun díriú ar dhaoine fásta atá ar bheagán scileanna agus ar bheagán cáilíochtaí agus orthu sin a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste acu, agus ar chonairí uas-scilithe. 7. Bearta chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne in institiúidí acadúla i ndáil le modhanna foghlama iomchuí agus measúnú agus bailíochtú a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí. 8. Bearta chun soghluaisteacht foghlaimeoirí agus ball foirne, agus comhar trasnáisiúnta soláthraithe oideachais agus oiliúna, a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thorthaí foghlama agus cáilíochtaí a shainaithint.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	An fhoghlaím ar feadh an tsaoil, go háirithe deiseanna solúbtha uas-scilithe agus athscilithe do chách, a chur chun cinn agus scileanna fiontraíochta agus digiteacha á gcur san áireamh, athruithe agus riachtanais nua scileanna a thuar ar dhóigh níos cruinne ar bhonn riachtanais an mhargaidh saothair, aistrithe gairme beatha a éascú agus an tsoghluaisteacht ghairmiúil a chur chun cinn Rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus go gcríochnódh daoine an t-oideachas agus an oiliúint sin, ó chéim an oideachais agus an chúraim luathóige go dtí céim an oideachais ghinearálta agus an ghairmoideachais agus, uaidh sin, go dtí céim an oideachais tríú leibhéal, mar aon leis an oideachas agus an fhoghlaím d'aosaigh, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama a éascú do chách agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas;		

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CFRE: cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, a chur chun cinn, trí ghníomhaíochtaí comhtháite lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta; CSE+: cuimsiú gníomhach a chothú d'fhonn comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus an infhostaitheacht a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste;	4.4. Creat náisiúnta um beartas straitéiseach don chuimsiú sóisialta agus do laghdú na bochtaineachta	Tá beartas náisiúnta nó réigiúnach nó creat reachtach don chuimsiú sóisialta agus do laghdú na bochtaineachta i bhfeidhm lena n-áirítear an méid seo a leanas: 1. Fáthmheas fianaise-bhunaithe ar bhochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí, go háirithe maidir le rochtain chomhionann ar sheirbhísí ardchaighdeán do leanaí i gcásanna leochaileacha chomh maith le heaspa dídine, idirdheighilt spásúil agus oideachasúil, rochtain theoranta ar sheirbhísí bunriachtanacha agus bonneagar bunriachtanach, agus riachtanais shonracha daoine leochaileacha de gach aois. 2. Bearta chun idirdheighilt a chosc agus a chomhrac i ngach réimse, lena n-áirítear an chosaint shóisialta, margaí saothair uilechuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí ar ardchaighdeán do dhaoine leochaileacha, imircigh agus dídeanaithe san áireamh, a sholáthar. 3. Bearta don athrú ón gcúram institiúideach go cúram teaghlaigh agus pobalbhunaithe. 4. Socruithe lena áirithiú go bhfuil sé á cheapadh agus á chur chun feidhme, agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú air, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
	CSE+: Lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, amhail na Romaigh, a chur chun cinn	4.5. Creat um beartas straitéiseac náisiúnta um chuimsiú na Romach	Tá an creat um beartas straitéiseach náisiúnta um lánpháirtiú na Romach i bhfeidhm lena n-áirítear an méid a leanas: 1. Bearta chun borradh a chur faoi lánpháirtiú na Romach, agus idirdheighilt a chosc agus fáil réidh le haon idirdheighilt atá ann, agus gné inscne agus staid na Romach óg á gcur san áireamh, agus bonnlíne agus garspriocanna agus spriocanna intomhaiste a shocrú. 2. Socruithe chun faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta ar son lánpháirtiú na Romach. 3. Socruithe chun cuimsiú na Romach a phríomhshruthú ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. 4. Socruithe lena áirithiú go bhfuil sé á cheapadh agus á chur chun feidhme, agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú air, i ndlúthchomhar le sochaí shibhialta na Romach agus le gach geallsealbhóir ábhartha eile, agus sin ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil freisin.

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Ainm an choinníll cumasúcháin	Critéir do chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin
		Eanáir – Deireadh Fómhair	Samhain – Nollaig	Eanáir – Nollaig
An Ciste Comhtháthaithe		<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
CUAC*	Réigiún bheagfhorbartha	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
	Réigiún trasdula	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
	Réigiún níos forbartha	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
CEMID		<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">

Ciste	Catagóir réigiúin	Ranníocaíocht mheasta ón Aontas		
		[an bhliain féilire reatha]		[an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin]
		Eanáir – Deireadh Fómhair	Samhain – Nollaig	Eanáir – Nollaig
CTIL		<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
CSI		<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">
IBTV		<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">	<type="Cu" input="M">

* Méideanna lena n-áirítear an cistiú comhlántach arna n-aistriú ó CFRE agus ó CSE+ de réir mar is iomchuí.

IARSCRÍBHINN IX

Cumarsáid agus infheictheacht – Airteagail 47, 49 agus 50

1. Úsáid agus tréithe teicniúla shuaitheantas an Aontais ('an suaitheantas')
 - 1.1. Beidh an suaitheantas le feiceáil go soiléir ar an ábhar cumarsáide uile, amhail táirgí clóite nó digiteacha, suíomhanna gréasáin agus na leaganacha móibíleacha díobh, a bhaineann le cur chun feidhme oibríochta agus a úsáidtear don phobal nó do rannpháirtithe.
 - 1.2. Beidh an ráiteas 'Maoinithe ag an Aontas Eorpach' nó 'Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach' scríofa amach ina iomláine agus curtha in aice leis an suaitheantas.
 - 1.3. Féadfar aon cheann de na clófhoirne seo a leanas a bheith i gceist don chló-aghaidh a úsáidtear in éineacht le suaitheantas an Aontais: Arial, Auto, Calibri, Garamond, Trebuchet, Tahoma, Verdana, Ubuntu. Ní úsáidfear cló iodálach, leaganacha a bhfuil líne fúthu ná maisíochtaí clófhoirne.
 - 1.4. An áit a shuitear an téacs i gcoibhneas leis an suaitheantas, ní chuirfidh sin isteach ar an suaitheantas ar dhóigh ar bith.
 - 1.5. Beidh méid an chló a úsáidfear i gcomhréir le méid an tsuaitheantais.
 - 1.6. Is iad reflex gorm, dubh nó bán a úsáidfear le haghaidh dath na clófhoirne ag brath ar an gcúlra.

- 1.7. Ní dhéanfar an suaithéantas a mhodhnú ná a chumasc le haon mhír ghrafach ná le haon téacs eile. Má thaispeántar lógónna eile chomh maith leis an suaithéantas, beidh an suaithéantas ar a laghad chomh mór céanna, de réir airde nó leithid, leis an lógó is mó de na lógónna eile. Seachas an suaithéantas, ní cheadaítear aon amharc-aithne ná lógó eile a úsáid chun béim a leagan ar an tacaíocht ón Aontas.
- 1.8. I gcás ina bhfuil roinnt oibríochtaí ar siúl ar an láthair chéanna, a fhaigheann tacaíocht ó na hionstraimí cistiúcháin céanna nó ó chinn éagsúla, nó i gcás ina gcuirfear cistiú breise ar fáil don oibríocht chéanna tráth níos déanaí, taispeánfar plaic amháin nó clár fógraí amháin ar a laghad.
- 1.9. Caighdeáin ghrafaice don suaithéantas agus an sainmhíniú ar na dathanna caighdeánacha:


(A) CUR SÍOS SIOMBALACH

Ar chúlra na spéire goirme, tá ciorcal dhá réalta órga dhéag, a léiríonn aontacht na bpobal Eorpach. Tá líon na réaltaí socair, óir is é a dó dhéag siombail na foirfeachta is na haontachta.

(B) CUR SÍOS ARALTACH

Ar ghort gormghlas ciorcal de dhá mhilléad órga déag, gan a bpointí ag tadhall.

(C) CUR SÍOS CÉIMSEATÚIL



Is i bhfoirm bhratach ghorm dhronuilleogach, a bhfuil a leithead an oiread go leith chomh fada leis an ardaitheoir atá an suaithantas. Dhá réalta órga dhéag atá ag eatraimh chothroma ó chiorcal dofheicthe, ar lár dó pointe trasnaithe thrasnán na dronuilleoige. Is ionann ga an chiorcail agus trian d'airde an ardaitheora. Tá cúig phointe ag gach réalta atá ar imlíne chiorcail dhofheicthe arb ionann a gha agus an 18ú cuid d'airde an ardaitheora. Tá gach réalta ina seasamh, i.e. le pointe amháin go hingearach agus dhá phointe i líne dhíreach go dronuilleach don chrann. Socraítear an ciorcal sa chaoi nach mór do na réaltaí a bheith in ionad na n-uaireanta an chloig ar aghaidh cloig. Tá a líon do-athraitheach.

(D) NA DATHANNA OIFIGIÚLA

Sna dathanna seo a leanas atá an suaithantas: PANTONE REFLEX BLUE do dhromchla na dronuilleoige; PANTONE YELLOW do na réaltaí

(E) AN PRÓISEAS CEITHRE-DHATH

Má úsáidtear an próiseas ceithre-dhath, athchruthaigh an dá dhath chaighdeánacha trí úsáid a bhaint as ceithre dhath an phróisis ceithre-dhatha.

Faightear PANTONE YELLOW trí 'Process Yellow' 100 % a úsáid.

Faightear PANTONE REFLEX BLUE trí 'Process Cyan' 100 % agus 'Process Magenta' 80 % a mheascadh.

AN tIDIRLÍON

Tá PANTONE REFLEX BLUE ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB:0/51/153 (heicsidheachúil: 003399) agus tá PANTONE YELLOW ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB: 255/204/0 (heicsidheachúil: FFCC00).

AN PRÓISEAS DON ATÁIRGEADH AONDATHACH

Agus dubh á úsáid, imlínítear an dronuilleog i ndath dubh agus priontáiltear na réaltaí i ndath dubh ar chúlra bán.



Agus gorm á úsáid (Reflex Blue), úsáidtear leibhéal 100 % don dronuilleog agus fágtar na réaltaí i ndath bán (diúltach).



ATÁIRGEADH AR CHÚLRA DAITE

Mura bhfuil aon slí chun cúlra ildaite a sheachaint, cuirtear imeall bán timpeall na dronuilleoige, le leithead cothrom le 1/25ú d'airde na dronuilleoige.



Tá na prionsabail maidir le húsáid shuaitheantas an Aontais ag tríú páirtithe leagtha amach sa Chomhaontú riaracháin le Comhairle na hEorpa¹.

2. Leis an gceadúnas maidir le cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear in Airteagal 49(6) don Aontas, bronnófar na cearta seo a leanas ar a laghad :
 - 2.1. úsáid inmheánach i.e. an ceart a bhronnadh ar institiúidí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais , ar údaráis na mBallstát, agus ar a bhfostaithe, chun na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a atáirgeadh, a chóipeáil agus a chur ar fáil;
 - 2.2. atáirgeadh na n-ábhar cumarsáide agus infheictheachta trí aon mhodh agus in aon fhoirm, ina n-iomláine nó i bpáirt;
 - 2.3. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a chur in iúl don phobal trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide go léir;

¹ IO C 271, 8.9.2012, lch. 5.

- 2.4. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta (nó cóipeanna díobh) a dháileadh ar an bpobal i bhfoirm ar bith;
 - 2.5. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a stóráil agus a chartlannú;
 - 2.6. na cearta do na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a fho-cheadúnú do thríú páirtithe.
-

IARSCRÍBHINN X

Na heilimintí le haghaidh comhaontuithe cistiúcháin agus doiciméid straitéise – Airteagal 59(1)
agus (5)

1. Na heilimintí riachtanacha den chomhaontú cistiúcháin le haghaidh ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi Airteagal 59(5):
 - (a) an straitéis infheistíochta nó an beart lena n-áirítear socruithe cur chun feidhme, táirgí airgeadais a bheidh le tairiscint, na faighteoirí deiridh atá mar spriocghrúpa agus an comhcheangal dóchúil le tacaíocht deontais (más iomchuí);
 - (b) plean gnó nó doiciméid choibhéiseacha don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht mheasta ghíarála dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 58(3);
 - (c) torthaí na gcuspóirí a bhfuiltear ag súil go mbainfidh an ionstraim airgeadais amach chun rannchuidiú le cuspóirí sonracha agus le torthaí na tosaíochta ábhartha;
 - (d) forálacha maidir le faireachán ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus ar shreabhadh na gcomhaontuithe lena n-áirítear tuairisciú ag an ionstraim airgeadais don chiste sealbhaíochta agus don údarás bainistíochta d'fhonn comhlíonadh Airteagal 42 a dheimhniú;

- (e) ceanglais iniúchóireachta, amhail ceanglais íosta don doiciméadú a bheidh le coimeád ar leibhéal na hionstraime airgeadais (agus ar leibhéal an chiste sealbhaíochta nuair is iomchuí) i gcomhréir le hAirteagal 82, agus ceanglais maidir le taifid ar leith a choimeád ar na cineálacha éagsúla tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 58(6), más infheidhme, lena n-áirítear forálacha agus ceanglais maidir le rochtain ar dhoiciméid ag údaráis iniúchóireachta de chuid na mBallstát, ag iniúcháirí an Choimisiúin agus ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh rian soiléir iniúchóireachta ann;
- (f) ceanglais agus nósanna imeachta chun an ranníocaíocht arna soláthar ag an gclár a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 92, agus don réamhaisnéis ar shreabhadh na gcomhaontuithe, lena n-áirítear ceanglais um chuntasaíocht mhuiníneach nó leithleach mar a leagtar amach in Airteagal 59 iad;
- (g) ceanglais agus nósanna imeachta maidir le hús agus fálaí eile a ghintear a bhainistiú mar a thagraítear dóibh in Airteagal 60, lena n-áirítear oibríochtaí nó infheistíochtaí inghlactha don státchiste agus freagrachtaí agus cúraimí na bpáirtithe a bheidh i gceist;
- (h) forálacha maidir le ríomh agus íoc na gcostas bainistithe a thabhaítear nó ríomh agus íoc tháillí bainistithe na hionstraime airgeadais i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 68(1);
- (i) forálacha maidir le hathúsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 62 agus beartas scoir don ranníocaíocht ó na Cistí as an ionstraim airgeadais;

- (j) coinníollacha maidir le haistarraingt iomlán nó pháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ranníocaíochtaí cláir ó chláir d'ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear an ciste sealbhaíochta i gcás inarb infheidhme;
- (k) forálacha chun a áirithiú go ndéanfaidh na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme bainistiú ar na hionstraimí airgeadais ar bhonn neamhspleách agus i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla ábhartha, go ngníomhóidh siad i gcomhréir le leas iomlán na bpáirtithe a dhéanfaidh ranníocaíochtaí don ionstraim airgeadais;
- (l) forálacha maidir leis an ionstraim airgeadais a fhoirceannadh;
- (m) téarmaí agus coinníollacha eile a bhaineann le ranníocaíochtaí a dhéanamh ón gelár don ionstraim airgeadais;
- (n) téarmaí agus coinníollacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh faighteoirí deiridh, trí shocruithe conarthacha, na ceanglais maidir le plaiceanna marthanacha nó cláir fógraí a thaispeáint i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 50(1), agus socruithe eile chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 50 agus Iarscríbhinn IX maidir le hadmháil tacaíochta ó na Cistí;
- (o) na comhlachtaí a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme a bhreithmheas agus a roghnú, lena n-áirítear glaonna ar léiriú spéise nó nósanna imeachta um sholáthar poiblí (i gcás ina n-eagraítear na hionstraimí airgeadais trí chiste sealbhaíochta, agus sa chás sin amháin).

2. Na heilimintí riachtanacha den doiciméad straitéise/de na doiciméid straitéise dá dtagraítear in Airteagal 59(1):
- (a) an straitéis infheistíochta nó an beart maidir leis an ionstraim airgeadais, na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le táirgí fiachais réamhthuartha, spriocfhaighteoirí agus gníomhaíochtaí a bheidh le tacú;
 - (b) plean gnó nó doiciméid choibhéiseacha don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht mheasta ghیارála dá dtagraítear in Airteagal 58;
 - (c) úsáid agus athúsáid acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 60 agus le hAirteagal 62;
 - (d) faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na hionstraime airgeadais chun comhlíonadh Airteagail 42 agus 50 a áirithiú.
-

IARSCRÍBHINN XI

Príomhcheanglais na gcóras bainistithe
agus rialaithe agus a n-aicmiú – Airteagal 69(1)

Tábla 1 - Príomhcheanglais na gcóras bainistithe agus rialaithe

		Comhlachtaí/údarás lena mbaineann
1	Deighilt iomchuí feidhmeanna agus socruithe i scríbhinn don tuairisciú, maoirsiú agus faireachán ar chúraimí arna dtarmligeán do chomhlacht idirmheánach	An t-údarás bainistíochta
2	Critéir agus nósanna imeachta iomchuí le haghaidh roghnú na n-oibríochtaí	An t-údarás bainistíochta ^{1*}
3	Faisnéis iomchuí do thairbhíthe maidir leis na coinníollacha is infheidhme don tacaíocht do na hoibríochtaí roghnaithe	An t-údarás bainistíochta
4	Fíoruithe bainistíochta iomchuí, lena n-áirítear nósanna imeachtaí iomchuí chun comhlíonadh na gcoinníollacha don mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus do na roghanna costais shimplithe a sheiceáil	An t-údarás bainistíochta
5	Córas éifeachtach chun a áirithiú go gcoimeádtar gach doiciméad atá riachtanach don rian iniúchóireachta	An t-údarás bainistíochta
6	Córas iontaofa leictreonach (lena n-áirítear naisc le córais malartaithe sonraí leictreonacha le tairbhíthe) chun sonraí le haghaidh faireacháin, meastóireachta, bainistíocht airgeadais, fíoruithe agus iniúchtaí a thaifeadadh agus a stóráil, lena n-áirítear próisis iomchuí chun slándáil, iomláine agus rúndacht na sonraí agus fíordheimhniú na n-úsáideoirí a áirithiú	An t-údarás bainistíochta
7	Bearta frith-chalaoise a chur chun feidhme go héifeachtach	An t-údarás bainistíochta

¹ Údarais nó comhlachtaí críche de bhun Airteagail 29(3) den Rialachán seo agus coiste stiúrtha de bhun Airteagail 22(2) den Rialachán Interreg, i gcás inarb infheidhme.

8	Nósanna imeachta iomchuí chun an dearbhú bainistíochta a ullmhú	An t-údarás bainistíochta
9	Nósanna imeachta iomchuí chun a dhearbhu go bhfuil an caiteachas arna chur isteach sna cuntais dleathach agus rialta	An t-údarás bainistíochta
10	Na nósanna imeachta iomchuí chun iarratais ar íocaíochtaí agus cuntais a ullmhú agus a chur isteach agus lena ndaingneofar iomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas sin	An t-údarás bainistíochta/an comhlacht a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta
11	Deighilt iomchuí feidhmeanna agus neamhspleáchas feidhmiúil idir an t-údarás iniúchóireachta (agus aon chomhlacht a mbeidh obair iniúchóireachta á déanamh aige faoi fhreagracht an údaráis iniúchóireachta agus a mbíonn an t-údarás iniúchóireachta ar iontaoibh orthu nó a ndéanann sé maoirseacht orthu, más infheidhme) agus na húdaráis chlár eile agus obair iniúchóireachta á déanamh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta	An t-údarás iniúchóireachta
12	Iniúchtaí iomchuí ar an gcóras	An t-údarás iniúchóireachta
13	Iniúchtaí iomchuí ar oibríochtaí	An t-údarás iniúchóireachta
14	Iniúchtaí iomchuí ar chuntais	An t-údarás iniúchóireachta
15	Nósanna imeachta iomchuí chun tuairim iniúchóireachta iontaofa a sholáthar agus chun an tuarascáil bhliantúil ar rialú a ullmhú	An t-údarás iniúchóireachta

- Tábla 2 – Aicmiú na gcóras bainistithe agus rialaithe i ndáil lena bhfeidhmiú éifeachtach

Catagóir 1	Oibríonn sé go maith. Níl gá le feabhsú nó níl gá ach le mionfheabhsú.
Catagóir 2	Oibríonn sé. Feabhsú áirithe ag teastáil.
Catagóir 3	Oibríonn sé i bpáirt. Tá feabhsú suntasach ag teastáil.
Catagóir 4	Go bunúsach ní oibríonn sé.

IARSCRÍBHINN XII

Rialacha mionsonraithe agus teimpléad maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú – Airteagal 69(2)
agus (12)

ROINN 1

RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LE NEAMHRIALTACHTAÍ A THUAIRISCIÚ

1.1. Neamhrialtachtaí atá le tuairisciú

Déanfar na neamhrialtachtaí seo a leanas a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 69(2):

- (a) neamhrialtachtaí a bhí faoi réir céad mheasúnú i scríbhinn ag údarás inniúil, bíodh sé ina údarás riaracháin nó breithiúnach, a chinn, ar bhonn fíricí sonracha, go ndearnadh neamhrialtacht, beag beann ar an bhféidearthacht go gcaithfí an cinneadh sin a athbhreithniú nó a tharraingt siar ina dhiaidh sin mar thoradh ar fhorbairtí le linn an nós imeachta riaracháin nó bhreithiúnaigh;

- (b) neamhrialtachtaí is cúis le himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a thionscnamh ar an leibhéal náisiúnta chun a shuí an bhfuil calaois nó cionta coiriúla eile i láthair, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 3(2), agus in Airteagail 4(1), (2) agus (3) de Threoir (AE) 2017/1371 agus i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) den Choinbhinsiún arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais¹ na gComhphobal Eorpach a chosaint do na Ballstáit sin nach bhfuil faoi cheangal ag an treoir sin;
- (c) neamhrialtachtaí a thagann roimh fhéimheacht;
- (d) neamhrialtacht shonrach nó grúpa neamhrialtachtaí a gcuireann an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis faoi bhráid an Bhallstáit i scríbhinn ina leith tar éis an tuairiscithe tosaigh ó Bhallstát.

1.2. Neamhrialtachtaí atá le díolmhú ó thuairisciú

Ní thuairisceofar na neamhrialtachtaí seo a leanas:

- (a) neamhrialtachtaí i gcás méid níos lú ná EUR 10 000 i ranníocaíocht ó na Cistí; níl feidhm aige sin i gcás neamhrialtachtaí atá idirnasctha agus ar mó a méid iomlán ná EUR 10 000 i ranníocaíocht ó na Cistí, fiú nuair nach mó aon cheann díobh ná an uasteorainn sin as a stuaím féin;

¹ IO C 316, 27.11.1995, lch. 49.

- (b) cásanna nach mbeidh sa neamhrialtacht sin ach mainneachtain oibríocht a chur i gcrích, ina hiomláine nó go páirteach, arb oibríocht í atá san áireamh sa chlár cómhaoinithe de dheasca fhéimheacht neamhchalaoiseach an tairbhí;
- (c) cásanna ina dtarraingeoidh an tairbhí aird an údaráis bainistíochta nó an údaráis a bhfuil an fheidhm chuntasaíochta faoina chúram, go deonach agus roimh é a bhrath ag ceachtar de na húdaráis, cibé acu roimh an ranníocaíocht phoiblí a íoc nó ina dhiaidh sin;
- (d) cásanna a bhraitheann agus a cheartaíonn an t-údarás bainistíochta sula gcuirtear iad in iarratas ar íocaíocht arna chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní bheidh feidhm ag na díolúintí i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír den phointe seo maidir le neamhrialtachtaí dá dtagraítear faoi phointe 1.1 (b).

1.3. An Ballstát tuairiscithe a chinneadh

Beidh an Ballstát ina dtabhaíonn an tairbhí an caiteachas neamhrialta agus a íoctar agus an oibríocht á cur chun feidhme freagrach as an neamhrialtacht a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 69(2). Maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg), cuirfidh an Ballstát tuairiscithe an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta ar an eolas faoin gclár.

1.4. Uainiú an tuairiscithe

Tuairisceoidh Ballstáit neamhrialtachtaí laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach ráithe óna mbrath nó a luaithe a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil maidir leis na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh. Mar sin féin, déanfaidh an Ballstát neamhrialtachtaí a aimsíodh nó a ceapadh a tharla a thuairisciú láithreach don Choimisiún, agus d'aon Bhallstát eile lena mbaineann á léiriú, i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag na neamhrialtachtaí sin lasmuigh dá chríoch.

1.5. Faisnéis a thuairiscítear a thíolacadh, a úsáid agus a phróiseáil

I gcás ina ndéantar foráil i bhforálacha náisiúnta maidir le rúndacht na n-imscrúduithe, ní fhéadfar ach faisnéis atá faoi réir údarú an bhinse inniúil, na cúirte nó an chomhlachta eile i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta a thuairisciú.

Féadfar an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo a úsáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun anailísí riosca a dhéanamh agus chun córais a fhorbairt chun rioscaí a shainaithint ar bhealach níos éifeachtaí.

Ní úsáidfear an fhaisnéis sin chun aon chríocha eile seachas chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ach amháin má tá a dtoiliú sainráite tugtha ag na húdaráis sin a chuir ar fáil í.

Beidh an fhaisnéis sin cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil agus ní fhéadfar í a nochtadh d'aon duine seachas dóibh siúd sna Ballstáit nó laistigh d'institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí an Aontais a bhfuil rochtain acu uirthi de réir a ndualgas.

ROINN 2

TEIMPLÉAD DON TUAIRISCIÚ LEICTREONACH TRÍD AN GCÓRAS BAINISTÍOCHTA NEAMHRIALTACHTAÍ (IMS)

	Aitheantas	Ciste
		Ballstát
		An t-údarás tuairiscithe
		Bliain
		Uimhir sheichimh
		An chlárthréimhse
		Uimhir thagartha – náisiúnta
	An fhaisnéis dhréachtaithe	An t-údarás tionscnaimh – an t-ainm iomlán
		Teanga na hiarrata
		An dáta dréachtaithe
		Ráithe
	Iarraidh speisialta	An gá le tíortha eile a chur ar an eolas
		Duine a aimsíodh i gcás nó i gcásanna eile
	Stádas	Imeachtaí
	Dúnadh an cháis	Dáta dúnta an cháis

Sonraí pearsanta	Sainaithint na ndaoine lena mbaineann	Duine dlítheanach / duine nádúrtha
		Stádas dlíthiúil
		Uimhir cárta aitheantais náisiúnta
		Ainm na cuideachta/sloinne
		Trádainm/ainm
		Máthairainm/réimír neamhspleách
		Sráid
		Postchód
		Cathair
	Aonad críche ina bhfuil an duine cláraithe	Ballstát
		Leibhéal ábhartha NUTS
		Marcáilte ar bhonn an Rialacháin Airgeadais ¹ (Airteagail 135 go 145)
		An t-údar atá le rúndacht sonraí pearsanta

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

	Tuairisc ar an oibríocht	Uimhir CCI
		Cuspóir – CCI
		Catagóir réigiúin i gcás inarb infheidhme
		Sprioc (IJG/Interreg)
		Clár
		Dáta dúnta an chlár
		Cinneadh an Choimisiúin – uimhir
		Cinneadh an Choimisiúin – dáta
		Cuspóir beartais
		Tosaíocht
		Cuspóir sonracha
	Aonad críche ina dtarlaíonn an oibríocht	Ballstát
		Leibhéal ábhartha NUTS
		Údarás inniúil
Oibríocht – sonracha – tionscadal	Tionscadal	Tionscadal
		An tionscadal – ainm
		An tionscadal – uimhir
		Ráta cómhaoinithe
		Méid iomlán an chaiteachais
		Méid iomlán an chaiteachais neamhrialta

Neamhrialtacht	Faisnéis as a n-eascraíonn amhras faoi neamhrialtacht	Dáta
		Foinse
	Forálacha a sáraíodh	Forálacha – an tAontas: Cineál, Teideal, Tagairt, Airteagal agus mír de réir mar is ábhartha
		Forálacha – náisiúnta – Cineál, Teideal, Tagairt, Airteagal agus mír de réir mar is ábhartha
	Stáit eile lena mbaineann	Ballstát/Ballstáit
		Ballstát/Ballstáit nach Ballstát/Ballstáit é/iad den Aontas Eorpach
	Faisnéis shonrach maidir leis an neamhrialtacht	Túsdáta na neamhrialtachta
		Críochdháta na neamhrialtachta
		Cineál na neamhrialtachta – tíopeolaíocht
		Cineál neamhrialtachta – catagóir
		Modus operandi
		Faisnéis bhreise
		Torthaí an riaracháin
		Aicmiú na neamhrialtachta
		Cionta de bhun Threoir (AE) 2017/1371

Brath		Dáta na fionnachtana (cinneadh príomha riaracháin nó breithiúnach)
		Cúis le rialú a dhéanamh (cén fáth)
		Cineál agus/nó modh rialaithe (conas)
		Rialú arna dhéanamh tar éis íocaíocht phoiblí nó íocaíochtaí poiblí a íoc
		Údarás inniúil
	Cás-OLAF	Uimhir OLAF – Tagairt
		Uimhir OLAF – Bliain
		Uimhir OLAF – Seicheamh
		Stádas

Méideanna iomlána	Tionchar airgeadais	Caiteachas – ranníocaíocht ón AE
		Caiteachas – Ranníocaíocht náisiúnta
		Caiteachas – Ranníocaíocht phoiblí
		Caiteachas – Ranníocaíocht phríobháideach
		Caiteachas – Iomlán
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht AE
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht náisiúnta
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht phoiblí
		nár íocadh de – ranníocaíocht AE
		nár íocadh de – ranníocaíocht náisiúnta
		nár íocadh de – ranníocaíocht phoiblí
		dár íocadh de – ranníocaíocht AE
		dár íocadh de – ranníocaíocht náisiúnta
		dár íocadh de – ranníocaíocht phoiblí
		Barúlacha

Pionóis	Nósanna imeachta	Nósanna imeachta arna dtionscnamh chun pionóis a ghearradh
		Cineál an nós imeachta
		Dáta tosaigh an nós imeachta
		Dáta deiridh (measta) an nós imeachta
		Stádas an nós imeachta
	Smachtbhannaí	Pionóis
		Pionóis – Catagóir
		Pionóis – Cineál
		Pionóis arna gcur i bhfeidhm
		Méideanna a bhaineann le pionóis airgeadais
		Críochdháta na neamhrialtachta
Barúlacha	Barúlacha	Tuairimí – an t-údarás tuairiscithe
	Ceangaltáin	Ceangaltáin
		Tuairisc ar na ceangaltáin
	Cealú a iarraidh	Cúiseanna cealúcháin
		Cúiseanna diúltúcháin

IARSCRÍBHINN XIII

Eilimintí don rian iniúcháireachta – Airteagal 69(6)

A mhéid a bhaineann le ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe arna n-aisíoc ag an gCoimisiún faoi Airteagal 94 agus ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais arna n-aisíoc ag an gCoimisiún faoi Airteagal 95, ní cheanglófar ach na heilimintí a leagtar amach faoi Ranna III agus IV faoi seach a chur ar fáil.

- I. Eilimintí éigeantacha den rian iniúcháireachta i gcás na ndeontas atá sna foirmeacha a leagtar amach i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 53(1):

1. doiciméadacht a fhágann gur féidir leis an údarás bainistíochta fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar roghnúcháin, chomh maith le doiciméadacht a bhaineann leis an nós imeachta foriomlán roghnúcháin agus le formheas na n-oibríochtaí;
2. doiciméad (comhaontú deontais nó a chomhionann) ina leagtar amach na coinníollacha don tacaíocht atá sínithe ag an tairbhí agus an t-údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach;
3. taifid chuntasaíochta ar éilimh ar íocaíocht arna gcur isteach ag an tairbhí, mar a taifeadadh iad i gcóras leictreonach an údaráis bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh;
4. doiciméadacht ar fhíoruithe lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le neamh-athlonnú agus buaine a leagtar amach in Airteagal 65, in Airteagal 66(2) agus i bpointe (h) d'Airteagal 73(2);
5. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí don tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht;
6. doiciméad a thugann fianaise ar na seiceálacha riaracháin agus, i gcás inarb infheidhme, ar an láthair a rinne an t-údarás bainistíochta/an comhlacht idirmheánach;

7. faisnéis maidir le hiniúchtaí a rinneadh;
8. doiciméadacht a bhaineann le bearta leantacha a rinne an t-údarás iniúchóireachta/an t-údarás idirmheánach chun críoch fíoruithe bainistíochta agus torthaí iniúchóireachta;
9. doiciméadacht lena léirítear fíorú chomhlíonadh an dlí is infheidhme;
10. sonraí maidir le táscairí aschuir agus toraidh a fhágann gur féidir iad a réiteach leis na spriocanna agus garspriocanna comhfhreagracha arna dtuairisciú;
11. doiciméadacht a bhaineann le ceartuithe agus asbhaintí airgeadais ón gcaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 98(6) a rinne an t-údarás bainistíochta/an comhlacht idirmheánach/an comhlacht a bhfuil an fheidhm chuntasaíochta de chúram air;
12. i gcás na ndeontas atá san fhoirm a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 53(1), na sonraisc (nó doiciméid a bhfuil an luach fianaiseach céanna leo) agus cruthúnas gur íoc an tairbhí iad, maille le taifid chuntasaíochta an tairbhí a bhaineann leis an caiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún;
13. i gcás na ndeontas atá san fhoirm a leagtar amach i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 53(1) agus de réir mar is infheidhme, doiciméad a thugann údar don modh chun na costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe a bhunú; catagóirí na gcostas atá mar bhonn don ríomh; doiciméid ina bhfuil fianaise ar chostais arna ndearbhú faoi chatagóirí eile costais a bhfuil feidhm ag ráta comhréidh maidir leo; an comhaontú sainráite ón údarás bainistíochta maidir leis an dréachtbhuiséad sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta; doiciméadacht maidir leis na costais chomhlána fostaíochta agus maidir leis an ráta in aghaidh na huaire a ríomh; i gcás ina n-úsáidtear roghanna costais shimplithe bunaithe ar mhodhanna atá ann cheana, doiciméadacht lena ndaingnítear go bhfuiltear ag cloí le cineálacha cosúla oibríochtaí agus leis an doiciméadacht a cheanglaítear faoin modh atá ann cheana, más ann di.

- II. Eilimintí éigeantacha don rian iniúchóireachta le haghaidh ionstraimí airgeadais:
1. doiciméad maidir le bunú na hionstraime airgeadais, amhail comhaontuithe cistiúcháin, etc.;
 2. doiciméid lena sainaithneofar na méideanna arna ranníoc ag gach clár agus faoi gach tosaíocht leis an ionstraim airgeadais, an caiteachas atá incháilithe faoi gach clár agus an t-ús agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó na Cistí agus athúsáid acmhainní ar féidir iad a chur i leith na gCistí i gcomhréir le hAirteagal 60 agus Airteagal 62;
 3. doiciméid maidir le feidhmiú na hionstraime airgeadais, lena n-áirítear na doiciméid a bhaineann le faireachán, tuairisciú agus fíoruithe;
 4. doiciméid a bhaineann le himeacht ranníocaíochtaí cláir agus le foirceannadh na hionstraime airgeadais;
 5. doiciméid maidir leis na costais agus táillí bainistíochta;
 6. foirmeacha iarratais, nó a gcomhionann, arna gcur isteach ag na faighteoirí deiridh, lena n-áirítear pleananna gnó agus, nuair is ábhartha, cuntais bhliantúla roimhe sin;
 7. seicliostaí agus tuarascálacha ó na comhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme;
 8. dearbhuithe arna ndéanamh i ndáil le cabhair *de minimis*;

9. comhaontuithe a sínfodh i ndáil leis an tacaíocht arna soláthar ag an ionstraim airgeadais, lena n-áirítear comhaontuithe le haghaidh cothromais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cineálacha eile infheistíochta arna soláthar do na faighteoirí deiridh;
10. fianaise go bhfuil an tacaíocht arna soláthar tríd an ionstraim airgeadais le húsáid don chuspóir atá beartaithe di;
11. taifead ar na sreafaí airgeadais idir an t-údarás bainistíochta agus an ionstraim airgeadais, agus laistigh den ionstraim airgeadais ar gach leibhéal, síos go dtí na faighteoirí deiridh, agus, i gcás ráthaíochtaí, cruthúnas gur íocadh amach na bun-iasachtaí;
12. taifid nó cóid chuntasaíochta ar leithligh le haghaidh ranníocaíocht chláir a d'íoc an ionstraim airgeadais, nó ráthaíocht a gheall sí, chun leasa an fhaighteora deiridh.

- III. Eilimintí éigeantacha den rian iniúchóireachta le haghaidh aisíoc rannfocaíocht an Aontais ón gCoimisiún faoi Airteagal 94, ar eilimintí iad a choimeádfar ar leibhéal an údaráis bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh:
1. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhaontú *ex ante* an Choimisiúin maidir leis na cineálacha costas aonaid a chumhdaítear le hoibríochtaí, na cnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe, agus sainiú na méideanna agus rátaí gaolmhara, chomh maith leis na modhanna chun na méideanna a choigeartú (formheas nó leasú an chláir);
 2. doiciméid ina bhfuil fianaise ar na catagóirí costas agus na méideanna atá mar bhonn leis an ríomh a bhfuil feidhm ag an ráta comhréidh maidir leis;
 3. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhlíonadh choinníollacha an Choimisiúin maidir le haisíoc;
 4. doiciméid ina bhfuil fianaise ar choigeartú na méideanna, i gcás inarb ábhartha;
 5. doiciméid ina bhfuil fianaise ar an modh ríofa má chuirtear pointe (a) den dara fomhír, d'Airteagal 94(2) i bhfeidhm;

6. doiciméadacht a bhaineann le roghnú agus formheas na n-oibríochtaí a chumhdaítear le haisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún ar bhonn roghanna costais shimplithe;
7. doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta arna síniú ag an tairbhí agus ag an údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach ina sonraítear an cineál tacaíochta a thabharfar do thairbhíthe;
8. doiciméadacht ina bhfuil fianaise ar fhíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 94(3);
9. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí leis an tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht.

- IV. Eilimintí éigeantacha den rian iniúcháireachta le haghaidh aisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún faoi Airteagal 95, ar eilimintí iad a choimeádfar ar leibhéal an údaráis bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh:
1. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhaontú *ex-ante* an Choimisiúin maidir leis na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach agus na méideanna comhfhreagracha (formheas nó leasú ar an gclár);
 2. doiciméadacht a bhaineann le roghnú agus formheas na n-oibríochtaí a chumhdaítear le haisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 95 (maoiniú nach bhfuil nasctha le costais);
 3. doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta arna síniú ag an tairbhí agus ag an údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach ina sonraítear an cineál tacaíochta a thabharfar do thairbhíthe;
 4. doiciméadacht ina bhfuil fianaise ar fhíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 95(3);
 5. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí don tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht;
 6. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhlíonadh coinníollacha nó baint amach torthaí ag gach céim má dhéantar i gcéimeanna é, agus sula ndéantar an caiteachas deiridh a dhearbhu don Choimisiún chomh maith.

IARSCRÍBHINN XIV

Córais malartaithe sonraí

leictreonacha idir údaráis chláir agus tairbhíthe – Airteagal 69(8)

1. Freagrachtaí údarás cláir i ndáil le tréithe na gcóras malartaithe sonraí leictreonacha
 - 1.1. Slándáil sonraí, sláine sonraí, rúndacht sonraí, fíordheimhniú an tseoltóra a áirithiú i gcomhréir le hAirteagail 69(6), 69(8), le pointe (e) d'Airteagal 72(1), agus le hAirteagal 82.
 - 1.2. Infhaighteacht agus feidhmiú a áirithiú le linn agus lasmuigh d'uaireanta caighdeánacha oifige (ach amháin le linn cothabháil theicniúil).
 - 1.3. A áirithiú go mbeidh sé d'aidhm ag an gcóras feidhmeanna agus comhéadan atá loighciúil, simplí agus iomasach a úsáid.
 - 1.4. Úsáid feidhmiúlachtaí sa chóras le haghaidh na nithe seo a leanas:
 - (a) foirmeacha idirghníomhacha agus/nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí a stóráiltear ag céimeanna leantacha na nósanna imeachta;
 - (b) ríomhanna uathoibríocha, i gcás inarb infheidhme;

- (c) rialuithe uathoibríocha leabaithe a laghdaíonn malartuithe doiciméad nó faisnéise arís agus arís eile;
- (d) foláirimh arna gcruthú ag an gcóras chun an tairbhí a chur ar an eolas gur féidir bearta áirithe a dhéanamh;
- (e) rianú stádais ar líne a fhágann gur féidir leis an tairbhí stádas reatha an tionscail a leanúint;
- (f) na sonraí agus na doiciméid uile a bhí ar fáil cheana arna bpróiseáil ag an gcóras um malartú sonraí leictreonacha.

1.5. Coimeád taifead agus stóráil sonraí sa chóras a áirithiú a fhágann gur féidir fíoruithe riaracháin ar éilimh ar íocaíocht arna gcur isteach ag tairbhíthe i gcomhréir le hAirteagal 74(2), agus iniúchtaí, araon, a dhéanamh.

2. Freagrachtaí údarás cláir i ndáil leis na modheolaíochtaí chun doiciméid agus sonraí a tharchur le haghaidh gach malartú

2.1. Úsáid sínithe leictreonaigh atá comhoiriúnach le ceann amháin de na trí chineál sínithe leictreonaigh arna sainmhíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a áirithiú.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh- shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh- idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n- aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- 2.2. Dearbhú go stóráiltear dáta tarchuir doiciméad agus sonraí ón tairbhí chuig údaráis chláir agus *vice versa*.
- 2.3. Inrochtaineacht a áirithiú go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil a fhágann gur féidir sioncronú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais na dtairbhithe agus córais na mBallstát.
- 2.4. Cosaint príobháideachais sonraí pearsanta i gcás daoine aonair agus rúndacht tráchtála i gcás eintitis dhlíthiúla a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán (AE) 2016/679.
-

¹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

IARSCRÍBHINN XV

SFC2021: córas malartaithe sonraí leictreonacha
idir na Ballstáit agus an Coimisiún – Airteagal 69(9)

1. Freagrachtaí an Choimisiúin
 - 1.1. Feidhmiú córais malartaithe sonraí leictreonacha ('SFC2021') le haghaidh gach malartaithe oifigiúil faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a áirithiú. In SFC2021 beidh ar a laghad an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid arna mbunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.
 - 1.2. Na tréithe seo a leanas de SFC2021 a áirithiú:
 - (a) foirmeacha idirghníomhacha agus/nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí atá taifeadta sa chóras roimhe seo;
 - (b) ríomhanna uathoibríocha, i gcásanna ina laghdaíonn siad an dua ar úsáideoirí iad a ionchódú;
 - (c) rialuithe uathoibríocha leabaithe chun comhsheasmhacht inmheánach na sonraí arna dtarchur agus comhsheasmhacht na sonraí sin leis na rialacha is infheidhme a fhíorú;
 - (d) foláirimh arna gcruthú ag an gcóras rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí SFC2021 gur féidir nó nach féidir bearta áirithe a dhéanamh;

- (e) rianú stádais ar líne ar phróiseáil na sonraí arna n-iontráil sa chóras;
- (f) sonraí stairiúla a bheith ar fáil i ndáil leis an bhfaisnéis uile a iontráiltear le haghaidh cláir;
- (g) síniú éigeantach leictreonach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a bheith ar fáil a aithneofar mar fhianaise in imeachtaí dlí.

- 1.3. Beartas slándála teicneolaíochta faisnéise a áirithiú le haghaidh SFC20201 is infheidhme maidir leis an bpearsanra a úsáideann an córas i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais, go háirithe Cinneadh C(2006) 3602¹ ón gCoimisiún agus a rialacha cur chun feidhme.
- 1.4. Duine nó daoine a ainmniú a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm ceart an bheartais slándála i leith SFC2021 a shainiú, a chothabháil agus a áirithiú.
- 2. Freagrachtaí na mBallstát
 - 2.1. A áirithiú go n-iontrálfaidh údaráis chláir na mBallstát arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 71(1), chomh maith leis na comhlachtaí arna sainaithint chun cúraimí áirithe a dhéanamh faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta nó an údaráis iniúchóireachta i gcomhréir le hAirteagal 71(2) agus (3), an fhaisnéis a bhfuil freagracht orthu í a tharchur, agus aon nuashonruithe ar an bhfaisnéis sin, a iontráil in SFC2021.

¹ Cinneadh C(2006)3602 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2006 a bhaineann le slándáil na gcóras faisnéise arna n-úsáid ag an gCoimisiún Eorpach.

- 2.2. Fíorú na faisnéise arna cur isteach ag duine nach é an duine a d'iontráil na sonraí don tarchur sin a áirithiú.
- 2.3. Socruithe a dhéanamh le haghaidh dheighilt na gcúraimí thuasluaite trí chórais bhainistithe agus rialaithe na mBallstát atá ceangailte go huathoibríoch le SFC2021.
- 2.4. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cearta rochtana chun na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích a bhainistiú:
- (a) úsáideoirí a iarrann rochtain a shainaithint, deimhin a dhéanamh de go bhfuil na húsáideoirí sin fostaithe ag an eagraíocht;
 - (b) úsáideoirí a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí slándáil an chórais a chaomhnú;
 - (c) fíorú a dhéanamh go bhfuil úsáideoirí i dteideal an leibhéal pribhléide a theastaíonn i ndáil lena gcúraimí agus lena bpost san ordlathas;
 - (d) iarraidh go gcuirfear deireadh le cearta rochtana nuair nach dteastaíonn na cearta rochtana sin a thuilleadh nó nach bhfuil údar leo a thuilleadh;
 - (e) aon rud amhrasach a d'fhéadfadh slándáil an chórais a chur i mbaol a thuairisciú go pras;

- (f) cruinneas sonraí aitheantais úsáideoirí a áirithiú ar bhonn leanúnach trí aon athruithe orthu a thuairisciú;
- (g) na réamhchúraimí is gá i dtaca le cosaint sonraí agus rúndacht tráchtála a dhéanamh i gcomhréir le rialach an Aontais agus rialacha náisiúnta;
- (h) An Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanann difear do chumas údaráis na mBallstát nó úsáideoirí SFC2021 na cúraimí dá dtagraítear i bpointe 2.1 a dhéanamh nó dá gcumas pearsanta na freagrachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) a dhéanamh.

2.5. Socruithe a dhéanamh le go ndéanfar urramú ar chosaint príobháideachais agus cosaint sonraí pearsanta i gcás daoine aonair agus cosaint rúndachta tráchtála i gcás eintitis dhlíthiúla i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE, le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725.

2.6. Beartais slándála faisnéise náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a ghlacadh maidir le rochtain ar SFC2021 bunaithe ar mheasúnú riosca is infheidhme maidir le gach údarás a úsáideann SFC2021 agus a théann i ngleic leis na gnéithe seo a leanas:

- (a) na gnéithe slándála ríomhaireachta den obair a dhéanann an duine nó na daoine atá freagrach as bainistiú na gceart rochtana dá dtagraítear i bpointe 2.4 de roinn II i gcás úsáid dhíreach;

- (b) i gcás córais ríomhairí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúla atá nasctha le SFC2021, trí chomhéadan teicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3, na bearta slándála do na córais sin a fhágann gur féidir iad a ailíniú le riachtanais slándála SFC2021 agus a chumhdaíonn na nithe seo a leanas:
- (i) slándáil fhisiciúil;
 - (ii) rialú ar mheáin sonraí agus rialú ar rochtain;
 - (iii) rialú ar stóráil;
 - (iv) rialú ar rochtain agus ar phasfhocail;
 - (v) faireachán;
 - (vi) idirnascacht le SFC2021;
 - (vii) bonneagar cumarsáide;
 - (viii) bainistiú acmhainní daonna roimh fhostaíocht, le linn na fostaíochta agus ina dhiaidh sin;
 - (ix) bainistiú teagmhas.

- 2.7. An doiciméad dá dtagraítear i bpointe 2.6 a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin.
- 2.8. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas slándála ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a chothabháil agus a áirithiú agus as gníomhú mar phointe teagmhála don duine nó daoine atá ainmnithe ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear i bpointe 1.4.
3. Freagrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin agus na mBallstát
- 3.1. Inrochtaineacht a áirithiú, bíodh sin go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (i.e. feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil agus úsáid á baint as prótacail réamhshainithe (i.e. seirbhísí gréasáin) a fhágann gur féidir sioncronú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais faisnéise na mBallstát agus SFC2021.
- 3.2. Foráil a dhéanamh do dháta tharchur leictreonach na faisnéise ón mBallstát chuig an gCoimisiún agus *vice versa* sa chóras malartaithe sonraí leictreonacha, arb é dáta cur isteach an doiciméid lena mbaineann é.
- 3.3. A áirithiú go ndéanfar sonraí oifigiúla a mhalartú trí SFC2021 amháin, seachas má bhíonn cás *force majeure* ann, agus nach ndéantar an fhaisnéis arna soláthar sna foirmeacha leictreonacha atá leabaithe in SFC2021 (dá ngairfear ‘sonraí struchtúrtha’ anseo feasta) a ionadú le sonraí neamh-struchtúrtha agus, i gcás neamhréireachtaí, go mbeidh tús áite ag sonraí struchtúrtha thar shonraí neamhstruchtúrtha.

I gcás *force majeure*, mífheidhmiú SFC2021 nó easpa naisc le SFC2021 a mhaireann níos mó ná lá oibre amháin sa tseachtain dheireanach roimh sprioc-am rialála chun an fhaisnéis a chur isteach nó sa tréimhse idir an 18 agus an 26 Nollaig, nó cúig lá oibre ag amanna eile, féadfar an malartú faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a dhéanamh i bhfoirm páipéir ag úsáid na dteimpléad a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa chás sin is é dáta cur isteach an doiciméid dáta stampa an phoist. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcúis a bhí leis an *force majeure* iontrálfaidh an páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a tugadh cheana féin i bhfoirm páipéir in SFC2021 gan mhoill.

- 3.4. Comhlíonadh na dtéarmaí agus coinníollacha slándála ríomhaireachta arna bhfoilsíú ar thairseach SFC2021 a áirithiú, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta arna gcur chun feidhme in SFC2021 ag an gCoimisiún chun tarchur na sonraí a dhaingniú, go háirithe i ndáil le húsáid an chomhéadain theicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3.
- 3.5. Éifeachtacht na mbeart slándála, arna nglacadh chun na sonraí a stóráiltear agus a tharchuirtear trí SFC2021 a chosaint, a chur chun feidhme agus a áirithiú.
- 3.6. Nuashonrú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas slándála ríomhaireachta SFC2021 agus na mbeartas ábhartha slándála ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sa chás go dtiteann athruithe amach sa teicneolaíocht, go ndéantar bagairtí nua a shainaithint nó go dtiteann forbairtí ábhartha eile amach.